


# Tiomanta do shláinte tomhaltóirí agus do leasanna tomhaltóirí a chosaint

Tuarascáil Bhliantúil 2013

Food Safety
AUTHORITY OF IRELAND

## Ár Misean

Is é ár misean sláinte tomhaltóirí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint trína chinntiú go gcomhlíonann an bia a itear, a dháiltear, a ndéantar margaíocht air nó a tháirgtear sa Stát na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia.

## Don Aire Sláinte

Tá áthas ar an mBord a cheathrú tuarascáil déag agus a chuntais don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2013 a chur faoi bhráid an Aire, de réir Alt 25 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.



**An tOllamh Michael Gibney**
Cathaoirleach



**An tOllamh Alan Reilly**
Príomhfheidhmeannach

## PRÍOMHFHÍRICÍ AGUS PRÍOMHFHIGIÚIRÍ 2013

**100**
D'fhreastail céad duine ar sheimineár maidir le lipéadú bia agus ailléirginí bia arna óstáil ag an Údarás, i gcomhair le Teagasc agus *safe*food.

**47,000**
Déanann na gníomhaireachtaí oifigiúla iniúchadh ar thart ar 47,000 gnólachtaí bia in Éirinn, faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás.

Tá láimhdeachas bliantúil
**€24 BILLIÚN**
ag an earnáil agraibhia.

**466**
Rinneadh 466 Fógra agus Ordú Forfheidhmiúcháin a sheirbheáil ar 429 gnólachtaí bia. Is méadú 12% é líon na bhfógra agus na n-orduithe a seirbheáladh in 2012.

Láimhseáil an tÚdarás
**449**
**TEAGMHAS BIA**
arbh é sin méadú 11% ar líon na dteagmhas in 2012.

Fostaíodh thart ar
**230,000**
**DUINE**
san earnáil agraibhia.



Lean an tÚdarás air ag gníomhú mar phointe teagmhála éigeandála d'Éirinn i Líonra Idirnáisiúnta na nÚdarás um Shábháilteacht Bia. Comhthionscadal é sin de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta. Bíonn
**177 BALLSTÁT**
ann ag malartú faisnéise go rialta maidir le ceisteanna sábháilteachta bia, ag insint faoin taithí atá acu agus ag roinnt saineolais, agus cumasaíonn sé rochtain thapa ar fhaisnéis i gcás éigeandálaí sábháilteachta bia.

# Clár Ábhar

## An Bhliain faoi Athbhreithniú


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 02 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 04 |
| Athbhreithniú Rialála | 06 |
| Bainistiú Teagmhas | 16 |
| Eolaíocht | 20 |
| Cumarsáid agus Faisnéis | 24 |
| Bainistíocht Chorparáideach | 30 |


## Ár Rialachas


| | |
|---|---|
| Conarthaí Seirbhíse agus Meamram Tuisceana | 34 |
| Struchtúr Bainistíochta | 35 |
| Comhaltaí an Bhoird | 36 |
| Comhaltaí an Choiste Eolaíoch | 38 |
| Comhaltaí na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bia | 40 |
| Comhaltaí na bhFóram Tionscail | 41 |
| Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Bhoird/an Phríomhfheidhmeannaigh | 42 |
| Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch | 43 |


## Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Ráitis Airgeadais | 44 |


In 2013, tugadh fógra maidir le

**1,697 FORBHIA DON ÚDARÁS.**

Méadú 55% ó 2012.

Bhí

**33 GNÍOMH-AIREACHT OIFIGIÚIL**

ag obair faoi chomhaontú conradh seirbhíse in 2013.

Seoladh

**3,132**

bunfhógra ar an iomlán tríd an gCóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, agus bhain 2,641 díobh le bia, 272 le bia d'ainmhithe agus 219 le hábhair theagmhála bia.

Dhéileáil comhairleoirí oilte ar an Líne Chomhairle, arna dtacú ag eolaithe bia, le

**13,269**

fiosrú in 2013, méadú 10% i gcomparáid le 2012.

**91**

Rinne saotharlanna an anailísí phoiblí anailís ar 91 sampla bia ar an iomlán i gcomhar ionradú, agus fuarthas amach nach raibh ach ceanna amháin díobh (forbhia) ionradaithe agus nach raibh sé lipéadaithe mar is ceart.

Le linn 2013, bhí an chéad ráig bhia-iompartha

**D'IONFHABHTÚ AN VÍRIS HEIPITÍTEAS A**

in Éirinn. Bhí baint fhéideartha ag os cionn 1,000 cás ar fud naoi dtír Eorpacha le ráig an víris heipitítis A (fo-ghéinitíopa IA).

**DNA**

Ag baint leas as teicneolaíocht DNA, bhí sé ar chumas an Údaráis cineál agus méid an DNA sainiúil don speiceas i ngach táirge mairteola a tástáladh a shainaithint agus a chainníochtú. Taispeánadh i dtorthaí go raibh deich mburgar mairteola as 27 a sampláladh truaillmheasctha le feoil capaill, agus bhí 29% DNA capaill a bhain leis an DNA mairteola i gceann amháin díobh.

Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil mar fhreagra ar

**39 CEIST PHARLAIMINTE**

ó ionadaithe éagsúla polaitiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte nó na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara in 2013.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Is dóigh liom gurbh í mo chéad bhliain mar chathaoirleach ar Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann an bhliain a bhunaigh an tÚdarás é féin go daingean ar an ardán domhanda mar cheann de na príomhghníomhaireachtaí náisiúnta ag a bhfuil an fhreagracht as sláinte tomhaltóirí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint.

I dtús 2013, d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí suirbhé a rinne sé maidir le fíordheimhneacht táirgí mairteola atá ar díol ar mhargadh na hÉireann, obair a rinneadh mar chuid de chlár gnáthmhonatóireachta agus gnáthfhaireachais bia an Údaráis. Taispeánadh i bhfaisnéis um shábháilteacht bhia a bhailigh an tÚdarás le linn a chuid oibre maidir le hanailís ar rioscaí atá ag teacht chun cinn go bhféadfaí tomhaltóirí a chur ar mhíthreoir maidir le sláine na gcomhábhar a úsáidtear i dtáirgí mairteola áirithe. Mar thoradh ar an obair seo nochtadh an scannal bia ba mhó riamh ar fud an AE le déanaí sa chás go raibh 4.7% de tháirgí mairteola ar an margadh san Aontas Eorpach truaillmheasctha le feoll capaill ar leibhéil os cionn 1%. Bhí roinnt mhórbhrandaí bia bainteach agus aistarraingíodh táirgí mairteola ó mhargaí ar fud na hEorpa agus chomh fada ó bhaile leis an Áise Thoir Theas agus leis an Muir Chairib. Cé nach bhfuarthas riosca tromchúiseach sábháilteachta bia i dtorthaí an Údaráis, taispeántar sa toradh cé chomh éifeachtúil is atá córas rialaithe náisiúnta bia na hÉireann maidir le taca a chur faoi mhuinín na dtomhaltóirí i sláine shlabhra bia na hÉireann. Dhearbhaigh teagmhas na feola capaill muinín an Údaráis go bhfuil seiceáil rialta a dhéanamh ar an slabhra bia, agus leas a bhaint as na modhanna anailísí eolaíche comhaimseartha ar na modhanna, is iontaofa chun tomhaltóirí a chosaint.

Chomh maith le tomhaltóirí a chosaint, chuir obair an Údaráis feabhas ar cháil na hÉireann maidir le clár rialála bia éifeachtúil a bheith i bhfeidhm aici agus leasanna tomhaltóir a chur i dtosach báire. Tá an earnáil agraibhia ina príomh-chomhpháirt i ngeilleagar na hÉireann agus leagadh síos í mar bhunchloch in athnuachan eacnamaíoch na hÉireann i gClár an Rialtais. Díoltar táirgí bia na hÉireann i 140 margadh thar lear agus b'fhiú thart ar €10 billiún na heaspórtálacha agraibhia in 2013. Lena chois sin, tá thart ar 230,000 post nasctha leis an earnáil agraibhia lena mbaineann láimhdeachas €24 billiún. Mheall ár dtionscal turasóireachta thart ar sé mhilliún cuairteoir a chaith chóir a bheith €2 billiún ar bhia agus ar dheoch agus iad ar saoire in Éirinn in 2013. Tá muinín agus iontaoibh i sábháilteacht bianna a tháirgtear agus a chuirtear ar an margadh in Éirinn fíorthábhachtach do rath na hearnála agraibhia agus na hearnála turasóireachta. Is léir nach raibh tábhachtach chomh mór riamh le ról an Údaráis mar ghníomhaireacht neamhspleách atá freagrach as tomhaltóirí a chosaint, an tionscal bia a rialú, caighdeáin um shábháilteacht bhia a fhorfheidhmiú agus leas a bhaint as an gcomhairle eolaíoch is fearr chun taca a chur faoi na gcinntí bainistíochta riosca.

# €10bn

Díoltar táirgí bia na hÉireann i 140 margadh thar lear agus b'fhiú thart ar €10 billiún na heaspórtálacha agraibhia in 2013.

# 230K

Tá thart ar 230,000 post nasctha leis an earnáil agraibhia lena mbaineann láimhdeachas €24 billiún.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte, an Dr James Reilly T.D. agus le foireann a Roinne a thug tacaíocht don Údarás ina chuid oibre le linn 2013. Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhchomhaltaí Boird as a dtacaíocht sheasmhach le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choiste Eolaíoch agus na bhFochoistí a chuir an-chion le bonn eolaíocht-bhunaithe an Údaráis faoi chathaoirleacht an Dr Albert Flynn. Gabhaim mo bhuíochas le comhaltaí na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia, faoi stiúir Veronica Campbell, as bonn braite luachmhar a chur ar fáil don Údarás maidir le saincheisteanna sábháilteachta bia le linn na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith lenár bPríomhfheidhmeannach an tOllamh Alan Reilly agus le foireann an Údaráis as a ndíograis agus a dtiomantas do luachanna agus do mhisean an Údaráis, go háirithe in am ina bhfuil tuarastail na hearnála poiblí á laghdú agus ina bhfuil an bhéim ar níos mó a dhéanamh le níos lú airgid.

Mar thoradh ar obair an Údaráis, neartaíodh rialacháin um bia ar fud an Aontais Eorpaigh agus tá sé á cheangal ar ghníomhaireachtaí rialála bia seiceálacha le haghaidh calaois bhia, agus sábháilteacht bhia a chuimsiú ina gcláir rialaithe. De bharr modhanna níos sofaisticiúla um measúnú riosca cruthaíodh éilimh ar chumas anailíseach feabhsaithe laistigh de shaotharlanna oifigiúla. Tá smachtbhannaí maidir leo siúd a chiontaítear as calaois bhia á méadú. Rinneadh na córais pasanna capaill laistigh den Aontas Eorpach níos doichte chomh maith. Ní gan dua a d'fhoghlaim an earnáil bia go dtarlaíonn truailliú agus truaillmheascadh táirgí agus ní gan dua mór a fhaightear muinín agus iontaoibh tomhaltóirí ar ais. Is é an tomhaltóir an té is fearr a thiocfaidh as an teagmhas calaois bhia a nocht an tÚdarás in 2013, agus tairbhe á fháil aige nó aici ó rialacháin bhreise bhia.

"Chomh maith le tomhaltóirí a chosaint, chuir obair an Údaráis feabhas ar cháil na hÉireann maidir le clár rialála bia éifeachtúil a bheith i bhfeidhm aici agus leasanna tomhaltóir a chur i dtosach báire."





**An tOllamh Michael Gibney**
Cathaoirleach

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é 2013 an ceathrú bliain déag d'oibríochtaí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ní raibh tábhachtach chomh mór riamh lenár ról mar ghníomhaireacht neamhspleách atá freagrach as tomhaltóirí a chosaint, an tionscal bia a rialú, caighdeáin um shábháilteacht bhia a fhorfheidhmiú agus leas a bhaint as an gcomhairle eolaíoch is fearr chun taca a chur faoi na cinntí bainistíochta riosca.

I dteagmhas na feola capaill a tharla ar fud an AE agus a nochtadh in 2013 léiríodh leochaileacht an tslabhra bia agus an gá atá le gnólachtaí bia a bheith ar a n-airdeall go bhféadfadh calaois bhia tarlú. De réir mar a fhásann an slabhra bia níos faide agus de réir mar atá an t-éileamh ar phraghsanna a choinneáil iomaíoch ina réadúlacht, ní mór do ghnólachtaí bia córais láidre dearbhaithe cáilíochta soláthraithe a bheith i bhfeidhm acu chun fíordheimhneacht na gcomhábhar a úsáidtear chun bianna a dhéanamh a chinntiú.

I bhfianaise theagmhas na feola capaill sin tá an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit i mbun an comhrac in aghaidh coireanna bia a neartú chun muinín tomhaltóirí i sábháilteacht agus fíordheimhneacht an tslabhra soláthair bia a fháil ar ais. Bhunaigh an Coimisiún grúpa oibre speisialta de Bhallstáit, ina bhfuil Europol rannpháirteach, chun déileáil le ceisteanna a bhaineann le calaois bhia agus chun cur i bhfeidhm a bplean gníomhaíochta maidir le cleachtais um chalaois bhia a spreagadh. Áirítear ar na gníomhaíochtaí córas a fhorbairt le haghaidh mearmhalartú faisnéise maidir le sáruithe d'aon turas ar an slabhra bia idir Ballstáit agus pionóis airgeadais a leagan síos i gcomhair calaois bhia ar leibhéil a bheidh athchomhairleach go leor. Rinneadh na tionscnaimh sin as an obair rialaithe um shábháilteacht bhia a rinne an tÚdarás.

In 2013, lean an tÚdarás dá chlár maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí oifigiúla chun éifeachtúlacht agus oiriúnacht na rialuithe bia a fhíorú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na ngníomhaireachtaí oifigiúla maidir le téarmaí agus ceanglais na gconarthaí seirbhíse. D'fhonn feabhas a chur ar oscailteacht agus ar thrédhearcacht, tá gach tuarascáil iniúchóireachta agus pleananna gníomhaíochta ceartaithí de chuid an Údaráis foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Ní mór oiriúnú a dhéanamh ar na cleachtais oibre chun seirbhís ina bhfuil níos lú baill foirne a bhainistiú. Is mian leis an Údarás a chinntiú nach ndéantar dochar do shláinte tomhaltóirí nó do leasanna tomhaltóirí. Le linn 2013, d'oibrigh an tÚdarás le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun mionathrú a dhéanamh ar a chuid oibre maidir le leithdháileadh bunaithe ar riosca na cigireachta ar áitribh bhia de réir na catagóire bia. Tríd sin cinntítear go ndéantar acmhainní a leithdháileadh go dtí na háiteanna sin ina bhfuil an baol is mó do shláinte na dtomhaltóirí. I lár 2013, cuireadh bunachar sonraí nuabhunaithe na n-áitreabh bia de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte beo, ag cur córas náisiúnta aonair in aonad na n-ilchóras áitiúil. Tá fáilte roimh fhorbairt córais dá leithéid agus ba chóir go mbeifí ábalta léargas náisiúnta níos cuimsithí ar rialuithe bia a chur ar fáil leis.

D'oibrigh an tÚdarás le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach le linn 2013 chun plé a dhéanamh ar na deiseanna leis na costais ar sheirbhísí tréidliachta na n-údarás áitiúil a laghdú. An réiteach a comhaontaíodh ná struchtúr réigiúnach a chur i bhfeidhm le haghaidh na seirbhísí sin a sholáthar. Is í an sprioc soláthar seirbhíse níos éifeachtaí san earnáil, coigiltis chostais agus níos mó solúbachta i socruithe soláthair foirne a bhaint amach.

Ag breathnú ar aghaidh go 2014, is cosúil go gcuirfear dúshláin os comhair an tionscail bhia agus os comhar na n-údarás rialaithe bia le mórfhorbairtí in athbhreithniú rialacháin bhia an Aontais Eorpaigh. I measc na ndúshlán tá an idirbheartaíocht leanúnach maidir le hathbhreithniú an chreat-rialacháin i dtaca le rialuithe oifigiúla bia ina gcumhdófar an slabhra agraibhia go hiomlán amach anseo, lena n-áirítear sláinte plandaí, ábhair atáirgthe plandaí, sláinte agus leas ainmhithe agus beatha ainmhithe. Áirítear ar na moltaí sa rialachán athbhreithnithe seo ceanglas ar Bhallstáit táillí a ghearradh as rialuithe oifigiúla ar dócha go mbeadh mórthionchar acu ar ár gcóras reatha um chigireacht agus sampláil bhia. Tá ceanglais níos doichte maidir le creidiúnú saotharlann agus caighdeánú modhanna tástála le plé chomh maith. De bharr eispéireas le déanaí tá forálacha á gcur san áireamh le hordú a thabhairt do Bhallstáit seiceálacha frithchalaoise a chomhtháthú go hiomlán sna pleananna náisiúnta rialaithe bia agus lena chinntiú go leagtar síos pionós airgeadais as calaois bhia ag méideanna athchomhairleacha atá réalaíoch.

Ceann de na dúshláin is mó a bheidh le sárú ag an earnáil bhia ná cloí leis an Rialachán úr um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí a thiocfaidh i bhfeidhm in 2014. Is é sin an chéad ollchóiriú mór ar rialacha lipéadaithe bia na hEorpa i 30 bliain agus beidh tionchar suntasach aige ar an dóigh a ndéanann gnólachtaí bia cumarsáid le tomhaltóirí. Áirítear ar chuid de na ceanglais úra leis an Rialachán seo clómhéid íosta le haghaidh faisnéis éigeantach; lipéadú ailléirginí le haghaidh bia a dhíoltar gan phacáistiú; ceanglais um pacáistiú maidir le bia-ábhair a dhíoltar tríd an idirlíon; lipéadú na tíre tionscnaimh agus lipéadú éigeantach um chothú le haghaidh a lán bia-ábhair réamhphacáistithe. Is dócha go mbeadh gá le hinfheistíocht shuntasach i ndearadh agus i bpriontáil lipéid úra bia agus oiliúint foirne fá choinne sin. Le linn 2013, phléigh an tÚdarás na hathruithe sin a bhí ag teacht aníos leis an tionscal bia trí chainéil éagsúla chumarsáide.

Bhí sé ina dhúshlán leanúnach in 2013 do na gníomhaireachtaí um rialú oifigiúil bia ardleibhéal seirbhísí a chur ar fáil le hacmhainní laghdaithe. Tá gá níos mó ann mionathrú a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le cigireacht bhia bunaithe ar riosca sa chás go ndéanaimid acmhainní a spriocdhíriú go dtí na háiteanna sin ina bhfuil an baol is mó do shláinte na dtomhaltóirí. Mar sin féin, ní mór dúinn a bheith réalaíoch agus an t-am nach bhfuilim ábalta an leibhéal riachtanach cosanta tomhaltóirí a sheachadadh tagtha de bharr na leibhéal foirne atá ag an Údarás faoi láthair. Tá laghdú thart ar 20% tagtha ar líon foirne an Údaráis le cúig bliana anuas agus chailleamar foireann riachtanach eolaíoch agus theicniúil agus táimid fágtha anois le bearna chriticiúil scileanna.

Beidh sí ina tosaíocht don Údarás amach anseo ár gcuid oibre a neartú maidir le teagmhais a chosaint agus oibriú i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le scanadh físe agus anailís ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Sa réimse sábháilteachta bia, is fearr cosc ná leigheas. Dúshlán a bheidh le sárú ag an Údarás mar chomhlacht de chuid na hearnála poiblí ná freastal ar éilimh an phobail sa chás go mbeimid freagrach as daoine a chosaint.

Tuigimid go bhfuil ionchas ann go ndéanaimid rioscaí a thuar, a shainaithint, a láimhseáil agus a chur in iúl ar bhealach tráthúil agus gairmiúil. Is é an príomhdhúshlán freagairt an Stáit do na rioscaí sa slabhra bia a chomhordú tríd an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Tá muinín agus iontaoibh i sábháilteacht bianna a tháirgtear agus a chuirtear ar an margadh in Éirinn fíorthábhachtach do rath na hearnála agraibhia agus na hearnála turasóireachta. Agus gníomhaireacht náisiúnta rialála um shábháilteacht bhia atá bunaithe ar eolaíocht ann chun maoirseacht a dhéanamh ar na caighdeáin sin déanfar an tsláinte a chosaint, an t-ualach ar na seirbhísí sláinte a laghdú agus cuirfear taca faoi iarrachtaí maidir le fás eacnamaíoch.

Táim buíoch chomh maith dár mBord, don Choiste Eolaíoch agus don Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia as an tacaíocht láidir a fuaireamar in 2013. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Ollamh Michael Gibney, Cathaoirleach an Bhoird, as a threoir agus as a thacaíocht. Táim buíoch chomh maith as an tacaíocht leanúnach don Údarás ón Roinn Sláinte agus ón bhfoireann óna roinn.

Ar deireadh, os rud é gurb í seo mo Thuarascáil Bhliantúil dheireanach mar Phríomhfheidhmeannach, ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis na baill foirne i ranna an Rialtais, sna gníomhaireachtaí oifigiúla agus i ngníomhaireachtaí eile agus sa tionscal agus, go mór mór, san Údarás as na cúig bliana déag a chuaigh thart a bheith ina mblianta is suimiúla agus is taitneamhaí riamh i mo shaol. Is de bharr a n-iarrachtaí atá dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus tá an misean "sláinte na dtomhaltóirí a chosaint" chomh tábhachtach sin, nach mór an móiminteam a choinneáil. Is é an dúshlán bealaí úra agus nuálacha a fháil chun an tsuim a choinneáil i sábháilteacht agus sláinteachas bia agus dícheall leanúnach a dhéanamh maidir le laghdú ar rioscaí seicheamhacha breisíocha feadh an tslabhra bia.





**An tOllamh Alan Reilly**

Príomhfheidhmeannach

# Athbhreithniú Rialála

Tá an tÚdarás freagrach as an reachtaíocht bia ar fad in Éirinn a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Comhlíonann sé an fheidhm forfheidhmiúcháin seo trí chonarthaí seirbhíse le 33 gníomhaireacht oifigiúil agus cuirtear an bonn reachtúil ar fáil san Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.



Ba iad seo a leanas na gníomhaireachtaí oifigiúla a bhí ag obair faoin gcomhaontú conartha seirbhíse seo in 2013: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; 28 údarás áitiúil; an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; agus Foras na Mara. Is é ról an Údaráis chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, ina leagtar síos leibhéal agus caighdeán comhaontaithe maidir leis an obair a dhéanann na gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le sábháilteacht bhia. Maireann na conarthaí seirbhíse sin ar feadh trí bliana ach is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas an Údaráis nó na gníomhaireachta i rith an ama sin. Chuir gach gníomhaireacht oifigiúil plean seirbhíse isteach don bhliain agus bhí cruinnithe rialta ar bun le linn 2013 leis an lucht bainistíochta sinsearaí agus leis na bainisteoirí líne atá freagrach as cigireacht agus anailís a dhéanamh.

Linn na bliana, rinneadh athbhreithniú ar an gconradh leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara chun liosta úr reachtaíocht bhia a chur san áireamh arna sainiú in orduithe a rinne an tAire Sláinte, faoi Alt 5 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Rinneadh athbhreithniú ar an gconradh seirbhíse chomh maith chun bainteacht na gníomhaireachta sa Phlean Rialúcháin Náisiúnta Ilbhliantúil agus i gclár iniúchóireachta an Údaráis a chumhdach. Comhaontaíodh téarmaí an chonartha seirbhíse úir agus síneofar é in Eanáir 2014.

Tugadh Sceideal 1 de na conarthaí seirbhíse leis na gníomhaireachtaí oifigiúla eile chun dáta fosta le linn na bliana chun an liosta úr um reachtaíocht bhia a chuimsiú. I ndiaidh plé leis an Údarás, d'aontaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh a chonradh seirbhíse a shíneadh chun rialuithe oifigiúla a chur ina gléasraí feola i gContae Cheatharlach, socrú lenar laghdaíodh líon na n-údarás áitiúil le conarthaí seirbhíse faoi aon, mar aon le laghdú gaolmhar i gcostas na seirbhíse.

Pléadh an fhorbairt níos leithne maidir le soláthar comhroinnte seirbhísí tréidliachta laistigh de na húdaráis áitiúla le linn na bliana i ngrúpa idirghníomhaireachta a bhunaigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Bhuail an tÚdarás le grúpa Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach dhá uair agus léirigh sé a thacaíocht dá struchtúr réigiúnach molta maidir le seirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúil. Mar thoradh ar sin ba chóir go mbeadh soláthar seirbhíse níos éifeachtaí san earnáil, coigiltis chostais agus níos mó solúbachta i socruithe soláthair foirne le freastail ar fholúntais a thiocfadh chun cinn. Leanfaidh an tÚdarás d'obair a dhéanamh le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach maidir leis an tseirbhís chomhroinnte a chur i bhfeidhm, ag tosú leis an bpríomhúdarás le haghaidh gach réigiúin a roghnú in 2014.

Is é an tÚdarás a chuireann an maoiniú ar fáil go díreach maidir le gníomhaíochtaí conarthaí seirbhíse na n-údarás áitiúil, nuair a chuirtear isteach éilimh bhailí laistigh de shrianta buiséid. Le linn 2013, lean an tÚdarás d'iniúchtaí airgeadais a dhéanamh ar na húdaráis áitiúla. Cuireadh trí iniúchadh agus dhá athbhreithniú leantacha i gcrích, agus ba í an aidhm na héilimh a cuireadh isteach a fhíorú. Baintear leas as moltaí ó iniúchtaí aonair chun comhairle a thabhairt d'údaráis áitiúla eile maidir le dea-chleachtais agus rialuithe airgeadais feabhsaithe le cur i bhfeidhm.

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in don Údarás gur bhain sé amach na spriocanna cigireachta bliantúla arna leagan síos ina chonradh seirbhíse. Le linn 2013, d'oibrigh an tÚdarás le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun comhaontú a dhéanamh maidir le leithdháileadh bunaithe ar riosca na cigireachta ar áitribh bhia de réir na catagóire bia. Tríd sin cinntítear go ndéantar acmhainní a leithdháileadh go dtí na háiteanna sin ina bhfuil an baol is mó do shláinte na dtomhaltóirí. D'oibrigh an tÚdarás chomh maith le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun clár oibre a fhorbairt le haghaidh áiteanna sláinteachas neamhbhia. Tá cur i gcrích cláir dá leithéid mar cheann d'fhorálacha an chonartha seirbhíse. I lár 2013, cuireadh bunachar sonraí nuabhunaithe na n-áitreabh bia de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte beo, ag cur córas náisiúnta aonair in aonad na n-ilchóras áitiúil. Tá fáilte roimh fhorbairt córais dá leithéid agus ba chóir go mbeifí ábalta léargas náisiúnta níos cuimsithí ar rialuithe bia a chur ar fáil leis.

Leanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de sheirbhísí anailíseacha saotharlann ceimiceach agus micribhitheolaíochta a sholáthar faoi théarmaí an chonartha seirbhíse. Cuireann trí shaotharlann anailísí phoiblí agus sé shaotharlann micribhitheolaíochta an tseirbhís seo ar fáil.

Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara seirbhísí suntasacha anailíseacha saotharlann ar fáil fosta. In 2013, thionscain an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara athbhreithniú ar an tseirbhís saotharlainne, a raibh lorg tuairimí óna páirtithe leasmhara mar chuid de.

Mar a chéile le Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh, tá Plean Rialúcháin Náisiúnta Ilbhliantúil ag Éirinn chomh maith ar ceanglas é maidir le rialacháin Eorpacha um rialuithe oifigiúla bia. Cumhdaítear sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe, beatha ainmhithe agus sláinte plandaí leis sin. D'fhorbair an tÚdarás plean úr, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun an tréimhse 2012-2016 a chumhdach. Cuireadh an plean agus tuarascáil bhliantúil maidir le hoibriú an phlean roimhe sin isteach, mar a éilítear é, chuig an gCoimisiún Eorpach in 2013 agus foilsíodh iad ar láithreán gréasáin an Údaráis.




Comhlíonann sé an fheidhm forfheidhmiúcháin seo trí chonarthaí seirbhíse le 33 gníomhaireacht oifigiúil.

## Cigireacht ar Ghnólachtaí Bia

Déanann na gníomhaireachtaí oifigiúla cigireacht ar thart ar 47,000 gnólacht bia in Éirinn, faoin gconradh seirbhíse leis an Údarás. In 2013, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cigireacht ar thart ar 92% de ghnólachtaí bia cláraithe; rinne an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara cigireacht ar 5%; rinneadh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cigireacht ar 2% agus rinne na húdaráis áitiúla cigireacht ar 1%. Bhí dáileadh chéatadán na ngnólachtaí bia arna n-iniúchadh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla mar a chéile le cúig bliana anuas. Cuireann na gnólachtaí bia sin raon leathan gníomhaíochtaí i gcrích, ó oibríochtaí iompair agus déantúsaíochta, go dtí oibríochtaí dáilte, miondíola agus lónadóireachta.

Tá an príomhathrú in 2013 i líon na ngnólachtaí bia i a thuairiscigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chuir córas úr teicneolaíocht faisnéise i bhfeidhm le linn na bliana. Tá an córas násiúnta seo in aonad seanchóras áitiúil ina raibh dúbailt fhairsing áitribh (m.sh. feithiclí taistil bia a rabhthas ábalta iad a chlár i roinnt ceantar). Mórathru is ea an córas maidir le feabhas a chur ar na figiúirí atá ar fáil don tSeirbhís Sláinte Comhshaoil i dtaca le gnólachtaí bia agus gníomhaíocht rialaithe bia.

**Líon agus Cineál na nGnólachtaí Bia Arna n-Iniúchadh ag na Gníomhaireachtaí Oifigiúla, 2009 – 2013**

| Gníomhaireacht Oifigiúil | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | | | | | |
| Próiseálaithe Feola | 156 | 154 | 154 | 153 | 154 |
| Táirgeoirí Uibheacha | 264 | 285 | 376 | 354 | 369 |
| Próiseálaithe Bainne | 231 | 230 | 233 | 240 | 231 |
| | **651** | **669** | **763** | **747** | **754** |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*** | | | | | |
| Táirgeoirí Tosaigh | 30 | 27 | 23 | 21 | 0 |
| Déantóirí agus Pacálaithe | 1,649 | 1,921 | 2,253 | 2,534 | 2,956 |
| Dáileoirí agus Iompróirí | 1,246 | 1,370 | 1,487 | 1,472 | 1,162 |
| Gnólachtaí Seirbhís Bhia | 31,055 | 30,567 | 31,404 | 30,311 | 28,214 |
| Miondíoltóirí | 10,533 | 10,732 | 11,166 | 10,978 | 10,972 |
| Déantóirí a Dhíolann ar Bhonn Miondíola go Príomha | 790 | 1,738 | 724 | 695 | 0 |
| Eile | | | | | 115 |
| | **45,303** | **46,355** | **47,057** | **46,011** | **43,419** |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | | | | | |
| Foras Faofa | 177 | 183 | 183 | 189 | 180 |
| Láithreáin Dobharshaothraithe** | 86 | 86 | 0 | 0 | 0 |
| Árthaí Monarchana agus Reoiteoirí (Faofa - Éireannach) | 21 | 23 | 23 | 34 | 36 |
| Árthaí Iascaireachta | 2,095 | 2,129 | 2,201 | 2,216 | 2,155 |
| Gléasraí Oighir | 12 | 13 | 12 | 12 | 12 |
| Limistéir Táirgthe Moileascach | 150 | 130 | 131 | 131 | 133 |
| Gnólacht Bia Cláraithe ar Talamh | 35 | 45 | 56 | 81 | 75 |
| | **2,576** | **2,609** | **2,606** | **2,663** | **2,591** |
| **Údaráis Áitiúla** | | | | | |
| Seamlais | 237 | 219 | 212 | 206 | 202 |
| Gléasraí Beaga Déantúsaíochta Feola | 186 | 175 | 180 | 189 | 180 |
| Gléasraí Éanlaithe | 27 | 37 | 41 | 35 | 34 |
| Eile | 7 | 20 | 17 | 26 | 24 |
| | **457** | **451** | **450** | **456** | **440** |
| **Iomlán** | **48,966** | **50,093** | **50,853** | **49,877** | **47,204** |

* Taispeántar laghdú suntasach i líon iomlán na bhforas arna maoirsiú ag Seirbhíse Sláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2013 i gcomparáid le blianta roimhe sin, i ngeall ar fhorbairt córas IT úr chun forais agus cigireacht a thaifeadadh. Mar thoradh air sin chomh maith rinneadh athbhreithniú ar na catagóirí gnó agus riosca agus ní bheidh na treochtaí ar fáil ina leith ach le haghaidh blianta amach anseo amháin.

** Cigireacht ar láithreáin talmhaíochta a aistríodh go dtí an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2010.

## Líon na mBall Foirne ag Obair i Rialú Oifgiúil

Tugann na gníomhaireachtaí oifigiúla tuarascáil bhliantúil don Údarás maidir le hacmhainní foirne a thug siad i gcomhair rialuithe oifigiúla, faoi na conarthaí seirbhíse. Le blianta beaga anuas, chonacthas treocht um laghdú i líon na mball foirne, de thoradh ar an monatóir ar earcaíocht san earnáil phoiblí. Tá an laghdú cobhsaithe, agus líon comhchosúil baill foirne á thuairisciú ag formhór na ngníomhaireachtaí in 2013.

**Líon na mBall Foirne* de Réir na Gníomhaireachta Oifigiúla, 2009 – 2013**

| Gníomhaireacht | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | % an Athraithe 2009-2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara[a]** | 501 | 511 | 454 | 433 | 438 | -12% |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:** | | | | | | |
| Seirbhísí Sláinte Comhshaoil | 379 | 361 | 333 | 344 | 307 | -19% |
| Saotharlanna Micribhitheolaíochta Bia | 83 | 79 | 74 | 73 | 71 | -14% |
| Saotharlanna an Anailísí Phoiblí | 67 | 69 | 68 | 65 | 66 | -1% |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 46 | 43 | 45 | 42 | 41 | -11% |
| **Údaráis Áitiúla[a]** | 75 | 72 | 72 | 71 | 73 | -3% |
| **Foras na Mara** | 28 | 28 | 31 | 28 | 27.4 | – |
| **An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann[b]** | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 1.1 | +1,000% |
| **Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann[c]** | 84 | 75 | 74 | 72 | 71 | -15% |
| **Iomlán** | **1,263** | **1,238** | **1,151** | **1,128** | **1,096** | |

* Coibhéis lánaimseartha

[a] Ní áirítear cigirí sealadacha tréidliachta atá bainteach in iniúchadh feola sna figiúirí sin

[b] Mhéadaigh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann líon na mball foirne a oibríonn i rialuithe sábháilteachta bia, chun rialuithe oifigiúla ar ábhair theagmhála bia a dhéanamh

[c] Ní áirítear baill foirne comhairleachta nó baill foirne ar chonradh gearrthéarmach leis sin




### Ag Tabhairt Aire do Ghnó

Ba thionscnamh é 'Ag Tabhairt Aire do Ghnó' 2013 de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tugadh 19 gcomhaltaí Stáit le chéile ann, lena n-áirítear an tÚdarás, chun imeacht ionad ilfhreastail chruthú do ghnólachtaí beaga. Tionóladh an t-imeacht in Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath an 22 Deireadh Fómhair. Mheall an t-imeacht leath lae os cionn 500 cuairteoir. Díríodh go sonrach san imeacht ar dhaoine a bhí ag smaoineodh ar a ngnó féin a chur ar bun agus ar úinéirí agus bainisteoirí gnólachtaí beaga.

Sa ghrianghraf ag lainseáil Aonad Ilfhreastail bhí an Seanadóir Feargal Quinn leis an Aire Gnólachtaí Beaga, John Perru, TD agus an tUasal Tara Buckley, Ard-Stiúrthóir, RGData.

## Cigireacht

Oibríonn na gníomhaireachtaí oifigiúla uile cláir bunaithe ar riosca maidir le rialuithe oifigiúla. Déantar gnólachtaí bia a gcuireann na gníomhaíochtaí a dhéanann siad an riosca féideartha is mó os comhair shláinte an duine a iniúchadh ar dtús. Tá cigireacht gan fhógra i ngnólachtaí bia ina bpríomhghné sna rialuithe oifigiúla, mar aon le gníomhaíochtaí eile amhail, sampláil bhia, agus imscrúdú ar theagmhas agus ar ráigeanna. I bhformhór na ngníomhaireachtaí, tá laghdú fadtéarmach tagtha ar an líon uaireanta a ndearnadh cigireacht, agus tá fócas méadaithe á chur ar chigireacht níos mine a dhéanamh ar chórais bhainistíochta um shábháilteacht bia i ngnólachtaí níos mó agus ar fhorais ina gcuirtear ardrioscaí os comhair shláinte an phobail.

**An Líon Uaireanta a Rinne Gníomhaireachtaí Oifigiúla Cigireacht, 2009 – 2013**

| Gníomhaireacht | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | % Change 2009-2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**[a] | 14,303 | 13,169 | 11,495 | 10,830 | 9,547 | -33% |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | 45,485 | 41,966 | 37,973 | 36,584 | 33,971 | -25% |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 2,792 | 2,521 | 2,330 | 2,386 | 2,114 | -24% |
| **Údaráis Áitiúla**[b] | – | – | 5,156 | 4,630 | 5,021 | -3%[b] |

[a] Cigireacht ar phróiseálaithe feola, bainne agus uibheacha

[b] Taifeadadh gníomhaíochtaí cigireachta roimh 2011 ar mhodh difriúil agus ní féidir comparáid a dhéanamh idir na figiúirí. Baineann % an athraithe le 2011-2013

## Iniúchtaí a Rinne an tÚdarás

In 2013, rinne an tÚdarás iniúchtaí ar na gníomhaireachtaí oifigiúla d'fhonn éifeachtacht agus oiriúnacht na rialuithe oifigiúla agus comhlíonadh na gceanglas um dhlí faoi bhia a scrúdú. Fíoraítear go gcomhlíontar téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí seirbhíse seo agus go gcloíonn na gníomhaireachtaí oifigiúla le forálacha an Phlean Rialacháin Náisiúnta Ilbhliantúil a bhaineann lena ngníomhaíochtaí leis na hiniúchtaí sin chomh maith. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar na torthaí ó na hiniúchtaí agus bearta ceartaitheacha gaolmhara ar bith, trí phróiseas monatóireachta na gconarthaí seirbhíse. Tá tuarascálacha maidir le hiniúchtaí an Údaráis foilsithe ar an láithreán gréasáin.

## Iniúchtaí ar Rialuithe Oifigiúla

In 2013, rinne an tÚdarás dhá iniúchadh ar rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar ghnólachtaí bia atá rangaithe mar Chatagóir 2, agus ar dhéantóirí, pacálaithe agus dáileoirí forbhianna. Rinneadh iniúchadh ar rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag cigireachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i ndéantóirí beaga cáise in 2013 chomh maith mar aon le hiniúchadh ar rialuithe oifigiúla na Roinne ar tháirgeoirí bainne, a thosaigh in 2013 agus a bheidh críochnaithe in 2014.

Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht Eorpach maidir le sábháilteacht bhia, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus leas ainmhithe curtha i bhfeidhm agus forfheidhmithe mar is cuí. Mar sheirbhís de chuid an Choimisiúin, tá ról tábhachtach ag an Oifig Tréidliachta maidir leis an tasc seo a chomhlíonadh trína hiniúcthaí, trína cigireacht agus trína gníomhaíochtaí lena bhaineann. Rinneadh iniúchadh ar rialuithe oifigiúla an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara maidir le monatóireacht bhiotocsaine agus mhicribhitheolaíochta ar mhoilisc dhébhlaoscacha bheo. Rinneadh athbhreithniú agus críochnú Mhisean na hOifige Bia agus Tréidliachta (SANCO)/2011 a fhíorú san iniúchadh seo chomh maith. Táirgeadh agus cur ar an margadh moileasc débhlaoscach a rialú, sa chás gur tugadh 29 moladh ina raibh gá le beart ceartaitheach chun suntais. Rinne an tÚdarás measúnú ar chur i bhfeidhm na mbeart ceartaithe agus cibé acu an ndeachthas nó nach ndeachthas i ngleic leis na torthaí i dtuarascáil na hOifige Bia agus Tréidliachta leis na bearta a rinneadh.

## Iniúchtaí ar Ghnólachtaí Bia

Mar chuid d'fheidhm iniúchóireachta an Údaráis, déantar iniúchtaí spriocdhírithe (nó fócasaithe) chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibreoirí gnólachtaí bia maidir le gné faoi leith den dlí faoi bhia.

In 2013, rinneadh iniúchadh ar lipéadú agus inrianaitheacht feoil éanlaithe i ngnólachtaí lónadóireacht agus miondíola. Cuireadh béim san iniúchadh ar chóras bainistíochta um shábháilteacht bhia na ngnólachtaí maidir le lipéadú agus inrianaitheacht feoil éanlaithe agus an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do chustaiméirí.

Léiríodh san iniúchadh go bhfuil gá le méadú suntasach ar an tuiscint agus ar an eolas maidir le caighdeán margaíochta éanlaithe agus ceanglais lipéadaithe ghinearálta sna siopaí búistéara. Trí reachtaíocht Eorpach úr lena rialaítear lipéadú na tíre tionscnaimh a chur i bhfeidhm ba cheart go méadófaí an leibhéal trédhearcachta do chustaiméirí maidir leis an áit a bhfuil a gcuid feola ag teacht as.

Rinne an tÚdarás iniúchadh chun oiriúnacht agus úsáid breiseáin bhia amhail nítrít, suilfítí, fosfáit agus dathanna, i dtáirgí feola agus ullmhúcháin feola a mheasúnú mar chuid de chlár beartaithe 2013 um iniúchtaí spriocdhírithe. I measc



**466**

Le linn 2013, seirbheáladh 466 Fógra agus Ordú Forfheidhmiúcháin ar 429 gnólacht bia. Is méadú 12% é sin ar líon na bhfógraí agus na n-orduithe a seirbheáladh in 2012.

na n-áitreabh ar tugadh cuairt orthu bhí déantóirí feola, soláthraithe comhábhar agus ionaid mhiondíola agus fuarthas amach san iniúchadh go bhfuil gá le feabhas ginearálta a dhéanamh ar thuiscint agus eolas na reachtaíochta maidir le breiseáin agus lipéadú ginearálta i roinnt oibreoirí gnólacht bia. Moladh do roinnt gnólachtaí bia ar tugadh cuairt orthu athbhreithniú a dhéanamh ar na córais bhainistíochta um shábháilteacht bhia lena chinntiú go bhfuil an Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla agus athchuimhne agus inrianaitheacht ar cóimhéid le hoibríochtaí reatha.


## Fógraí agus Orduithe Forfheidhmiúcháin

Tá an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, ar cheann de na píosaí reachtaíochta trína dtugtar cumhacht d'oifigigh údaraithe cigireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí bia maidir le reachtaíocht um shábháilteacht bhia a chomhlíonadh. Faoin Acht seo, féadfaidh oifigigh údaraithe, i gcúinsí ina bhfuil baol ann do shláinte an phobail, aon cheann díobh seo a leanas a sheirbheáil – Fógra Feabhsúcháin (lena gceanglaítear gur gá obair feabhsúcháin a dhéanamh), Ordú Feabhsúcháin (eisithe ag an gCúirt Dúiche toisc nár comhlíonadh Fógra Feabhsúcháin), Ordú Dúnta (lena ndúntar gnó), nó Ordú Toirmisc (lena gcuirtear srianta nó cosc ar an mbia a úsáid). Tá cumhachtaí breise ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Earraí Bia a Rialú go hOifigiúil), 2010 (I.R. Uimh. 117 de 2010) chun Orduithe Dúnta nó Orduithe Toirmisc a sheirbheáil toisc nach bhfuil reachtaíochta bia á comhlíonadh.

Le linn 2013, seirbheáladh 466 Fógra agus Ordú Forfheidhmiúcháin ar 429 gnólacht bia. Is méadú 12% é sin ar líon na bhfógraí agus na n-orduithe a seirbheáladh in 2012. Faoi mar a bhí an treocht sna bliana roimhe seo, ba í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a dhéanann maoirseacht ar fhormhór na ngnólachtaí bia in Éirinn, a sheirbheáil an chuid is mó díobh.

**Forfheidhmiúchán a Seirbheáladh, 2009 – 2013**

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ordú Dúnta | 34 | 57 | 66 | 91 | 119 |
| Ordú Feabhsúcháin | 7 | 4 | 7 | 3 | 5 |
| Ordú Toirmisc | 13 | 12 | 11 | 15 | 20 |
| Fógra Feabhsúcháin | 275 | 254 | 294 | 307 | 322 |
| **Iomlán** | **329** | **327** | **378** | **416** | **466** |






**119**

In 2013, seirbheáladh 119 Ordú Dúnta. Is méadú 31% é ar líon na bhfógra agus na n-orduithe a seirbheáladh in 2012.



### An Chomhdháil Eolaíoch Tréidlianna Stáit Uile-Oileáin

D'oscail an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann an Chomhdháil Eolaíoch Tréidlianna Stáit Uile-Oileáin 2013 le príomhchur i láthair ar theagmhas na feola capaill. I gcur i láthair an Ollaimh O' Reilly dar teideal "The horsemeat scandal, straight from the horse's mouth" léiríodh an cúlra maidir le clár samplála fíordheimhneacht bhia an Údaráis, inar nochtadh an chalaois fhairsing idirnáisiúnta seo, an ilchastacht atá ag méadú maidir leis an slabhra soláthair bia agus roinnt de na dúshlán atá os comhair táirgeoirí agus rialtóirí atá ag oibriú sa réimse bia.

Sa ghrianghraf ag an gComhdháil Eolaíoch Tréidlianna Stáit Uile-Oileáin 2013 tá (c-d): An tOllamh Alan Reilly, Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an tUasal Diarmuid Lynch, Uachtarán, Cumann na nOifigeach Tréidliachta; an tUasal Dermot McCaughey, brainse tréidliachta Chomhaontas Sheirbhís Phoiblí Thuaisceart Éireann agus an tUasal Brendan Smyth, Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil.

> "Le cúig bliana anuas, tá méadú seasta tagtha ar líon na nOrduithe Dúnta agus na bhFógraí Feabhsúcháin arna seirbheáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá laghdú tagtha ar líon na n-iniúchtaí."

Rinne na gníomhaireachtaí oifigiúla bearta forfheidhmiúcháin faoi reachtaíocht bhia eile chomh maith; mar shampla, is féidir fógraí comhlíontachta a sheirbheáil agus féadfaidh an éifeacht chéanna a bheith acu is atá ag na bearta forfheidhmiúcháin faoin Acht nó faoi na Rialacháin. Le cúig bliana anuas, tá méadú seasta tagtha ar líon na nOrduithe Dúnta agus na bhFógraí Feabhsúcháin arna seirbheáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá laghdú tagtha ar líon na n-iniúchtaí. Is féidir maoiniú páirteach a thabhairt ar an méadú sin ar an ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin leis an úsáid mhéadaithe as an gcumhacht Orduithe Dúnta a sheirbheáil faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Oifigiúil ar Earraí Bia), 2010 agus nósanna imeachta úra maidir le beart a chaithfear a dhéanamh sa chás go bhfaightear cásanna tromchúiseanna um neamhchomhlíonadh i ngnólachtaí bia. Is í 2013 an chéad bhliain inar seirbheáladh níos mó Orduithe Dúnta faoi na Rialacháin ná faoin Acht. Déantar níos mó Orduithe Dúnta a sheirbheáil san earnáil seirbhíse, agus bheifí ag súil leis sin ós rud é go bhfuil formhór na ngnólachtaí bia san earnáil seirbhíse.

In 2013, seirbheáladh 119 Ordú Dúnta. Is méadú 31% é sin ar an líon a seirbheáladh in 2012 agus méadú 80% ar fhigiúr 2011. Seirbheáladh os cionn aon trian d'Orduithe Dúnta ar bhialanna, agus 20% ar sheirbhísí beir leat.

### Orduithe Dúnta a Seirbheáladh, 2009 – 2013

| Catagóir | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| Gnó na hEarnála Seirbhíse | 23 | 45 | 55 | 79 | 89 |
| Miondíoltóirí | 9 | 9 | 7 | 9 | 19 |
| Déantóir/ Pacálaí | 2 | 1 | 2 | 3 | 5 |
| Dáileoirí/ Iompróirí | | | 1 | | 6 |
| Déantar ag Díol go Díreach | | 1 | 1 | | |
| Príomhúil | | 1 | | | |
| **Iomlán** | **34** | **57** | **66** | **91** | **119** |

**47,000**

Déanann na gníomhaireachtaí oifigiúla iniúchadh ar thart ar 47,000 gnólachtaí bia in Éirinn, faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás.

## Ionchúisimh

Cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoi 13 ionchúiseamh rathúil, a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, méadú faoi thrí i gcomparáid leis an mbliain roimh sin. Bhí a lán de na hionchúisimh i gcoinne gnólachtaí bia san earnáil seirbhíse.

### Orduithe Dúnta agus Ionchúisimh a Seirbheáladh, 2013

| Cineál Gnó | Orduithe Dúnta | Ionchúisimh |
|---|---|---|
| **Gnó na hEarnála Seirbhíse** | | |
| Stalla Bia | 4 | |
| Óstán | 5 | |
| Réamhscoil | 1 | |
| Teach Tábhairne | 12 | 2 |
| Bialann/Ceaintín | 44 | 5 |
| Seirbhís beir leat | 23 | 2 |
| **Miondíoltóir** | | |
| Búistéir | 4 | 1 |
| Delicatessen | 2 | |
| Stalla Bia | 2 | 1 |
| Grósaeir | 7 | |
| Ollmhargadh | 4 | |
| **Dáileoir/Iompróir** | | |
| Íoc is Iompair | 1 | 1 |
| Lárionad Dáiliúcháin | 2 | |
| Feoil & Táirgí Feola | 2 | |
| Dáileoir agus Iompróir Ginearálta | 1 | |
| **Déantóir/Pacálaí** | | |
| Bácús/Siopa Milseán | 3 | |
| Gearradh (feoil úr) | 1 | |
| Forbhianna | 1 | |
| Gléasra Beag Déantúsaíochta Feola | | 1 |
| **Iomlán** | **119** | **13** |

## Monatóireacht

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar an slabhra bia i gcomhair éilleáin cheimiceacha agus mhicribhitheolaíochta chun sláinte an phobail a chosaint agus comhlíonadh an dlí faoi bhia a fhíorú. Foilsíodh tuarascálacha monatóireachta in 2013 maidir le: *E. coli* véaraicíteatocsaigineach (VTEC) i mionfheoil amh agus i mburgair; torthaí ar sheiceálacha údaráis inniúil ar bhianna ionradaithe; torthaí ar sheiceálacha údaráis inniúil ar GMOanna i mbianna; agus torthaí rialuithe oifigiúla ar speiceasú iasc.

Lena chois sin, d'fhorbair an tÚdarás prótacal d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena chur ar a cumas suirbhé a dhéanamh ar shábháilteacht sailéad agus luibheanna réamhphacáistithe. Déanfar é sin a thuairisciú in 2014 nuair a sheachadfar na sonraí ábhartha ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig an Údarás. Rinne an tÚdarás staidéir i gcomhair le Saotharlann an Anailisí Phoibí, Gaillimh chomh maith maidir le leibhéil an aigéid fhólaigh i mbianna áirithe agus na leibhéil salainn in aráin, anraithí agus sneaiceanna. Leis na staidéir sin is féidir leis an Údarás a chinntiú go bhfuil an tionscal bia ag comhlíonadh a oibleagáidí maidir le bia sábháilte agus níos folláine a tháirgeadh.

### Suirbhé um Fhíorú Fíordheimhneacht Bia

Shroich staidéir ar fhíordheimhneacht buaicphointe in 2013 nuair a foilsíodh obair eolaíoch ar speiceasú feola a thosaigh in 2012. Rinne an tÚdarás staidéar ar shalami, béilí mairteola agus táirgí burgair mhairteola i gcomhair loirg mhuiceola, mhairteola agus feoil capaill. Ag baint leas as teicneolaíocht DNA, bhí sé ar chumas an Údaráis cineál agus méid an DNA sainiúil don speiceas i ngach táirge mairteola a tástáladh a shainaithint agus a chainníochtú. Taispeánadh i dtorthaí go raibh deich mburgar mairteola as 27 a sampláladh truaillmheasctha le feoil capaill, agus bhí 29% DNA capaill a bhain leis an DNA mairteola i gceann amháin díobh. Rinneadh na torthaí a sheiceáil agus a athsheiceáil ag fostú dhá shaotharlann chun na torthaí a fhíorú. Rinneadh tástáil bhreise le haghaidh láithreacht iarmhair drugaí tréidliachta ar bith chomh maith agus bhí na torthaí ar fad diúltach.

Nuair a d'fhoilsigh an tÚdarás na torthaí, ba é ar bhonn iontaofa eolaíoch a bhí sé agus sháraigh na torthaí na dúshláin ón tionscal agus ó áiteanna eile. Nocht obair an Údaráis teagmhas ar fud an AE sa chás go raibh roinnt táirgí mairteola truaillmheasctha le feoil capaill. Bhí a lán brandaí bia bainteach agus rinneadh táirgí a athghairm ón margadh domhanda. Nuair a chomhordaigh an Coimisiún Eorpach suirbhé maidir le fíordheimhneacht táirgí mairteola ar an margadh in Aibreán 2013, taispeánadh sna torthaí go raibh 4.7% de na táirgí truaillmheasctha le níos mó ná 1% feoil capaill, cuid díobh ar leibhéal 100%. Chruthaigh an teagmhas sin suim mhór ó na meáin agus láimhseáil preasoifig an Údaráis os cionn 780 fiosrú ó na meáin, in Éirinn agus thar lear araon.

## Dé-ocsainí in Éisc

Rinneadh an tÚdarás, i gcomhar le Foras na Mara, staidéar faireachais eile ar leibhéil dé-ocsainí (PCDDanna), fúrán (PCDFanna) agus défheinil pholaclóirínithe (PCBanna) in éisc, mar aon leis na cinn a rinneadh in 2001 agus 2004. Rinneadh an staidéar i roinnt speicis iasc eite fiáine agus ar speicis iasc eite ar a ndearnadh feirmeoireachta, agus ar chloicheáin agus ar dhiúilicíní saothraithe atá ar fáil ar mhargadh na hÉireann. Rinneadh é i ngeall ar bhuairt faoi thionchair fhéideartha na n-éilleán comhshaoil bith-dhianseasmhach, arb eol iad a bheith ar fáil i roinnt bia-ábhar lena n-áirítear, agus go háirithe, éisc, feoil, uibheacha agus táirgí déiríochta, ar shláinte an duine. Lena chois sin, rinneadh monatóireacht réamhghníomhach sa staidéar ar bhia mara eile i gcomhair roinnt éilleán úr atá ag teacht chun cinn, d'fhonn cur leis an mbonn eolais ar tharlú na n-éilleán sin i mbia agus d'fhonn cuidiú le hiarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun iad a bhainistiú. Rinneadh na torthaí a fhoilsiú agus taispeánadh go raibh na leibhéil dé-ocsainí fós íseal.

## Bia Ionradaithe

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le reachtaíocht lena rialaítear bia ionradaithe a fhorfheidhmiú. Déanann sé monatóireacht ar mhargadh an hÉireann lena chinntiú nach bhfuil ar díol ach bianna arna n-údarú maidir le hionradú agus go bhfuil siad lipéadaithe mar is ceart. In 2013, rinne saotharlanna an anailísí phoiblí anailís ar 91 sampla bia ar an iomlán, agus fuarthas amach nach raibh ach ceann amháin díobh (forbhia) a bhí ionradaithe agus nach raibh lipéadaithe mar is ceart. Seoltar na torthaí as Éirinn chuig an gCoimisiún Eorpach lena gcur ina thuarascáil bhliantúil ar bhia agus ar chomhábhair bhia atá cóireáilte le radaíocht ianúcháin, a chuirtear i dtoll a chéile don Aontas Eorpach go hiomlán.

**Bia a Tástáladh i Gcomhair Fianaise Ionradaíochta, 2013**

| Cineálacha Bia ar a nDearnadh Anailís | Líon |
|---|---|
| Luibheanna/Spíosraí | 27 |
| Torthaí agus Glasraí | 8 |
| Núdail | 1 |
| Síolta | 1 |
| Forbhianna | 53 |
| Blastanas | 1 |
| **Iomlán** | **91** |

## Bia Géinathraithe

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le bia géinmhodhnaithe in Éirinn. Le cúnamh ó shaineolaithe eolaíocha ón taobh amuigh, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mheasúnuithe sábháilteachta a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, ar sheacht chomhábhar bia géinmhodhnaithe. Ar na comhábhair bhia bhí pónairí soighe géinmhodhnaithe (MON87705 agus MON87708), grán buí géinmhodhnaithe (59122, 98140, 3272 agus T25), agus cadás géinmhodhnaithe (T304-40). Cuirtear conclúidí athbhreithnithe an Údaráis ar aghaidh ansin chuig an Roinn Sláinte, arb é an t-údarás inniúil le haghaidh cúrsaí beartais maidir le bhia géinmhodhnaithe.

Chomhordaigh an tÚdarás sampláil agus anailís ar 55 sampla bia a rinne Seirbhísí Sláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Saotharlanna an Anailísí Phoiblí faoi seach, i gcomhair láithreacht údaraithe agus lipéadú cuí comhábhair ghéinmhodhnaithe. Fuarthas go raibh na samplaí ar fad ar a ndearnadh anailís ag cloí leis an reachtaíocht iomchuí.

**Bia a Tástáladh Maidir le Comhábhair Ghéinmhodhnaithe, 2013**

| Cineálacha Bia ar a nDearnadh Anailís | Líon |
|---|---|
| Grán Buí/Táirgí Gráin Bhuí | 24 |
| Soighe/Táirgí Soighe | 17 |
| Rís/Táirgí Ríse | 14 |
| **Iomlán** | **55** |

"Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le reachtaíocht lena rialaítear bia ionradaithe a fhorfheidhmiú. Déanann sé monatóireacht ar mhargadh an hÉireann lena chinntiú nach bhfuil ar díol ach bianna arna n-údarú maidir le hionradú agus go bhfuil siad lipéadaithe mar is ceart."



## Cé atá Freagrach as a nIthimid?

D'óstáil Comhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia an Údaráis cruinniú oscailte chun an topaic maidir le cé a rialaíonn an bia a itheann muintir na hÉireann a phlé. Cuireadh deis ar fáil sa chruinniú oscailte, dar teideal 'Cé atá Freagrach as a nIthimid?' chun díospóireacht a dhéanamh maidir leis na tionchair éagsúla ar iompar caithimh bia agus roghanna bia tomhaltóirí, agus cuireadh deis ar fáil ann chomh maith don phobal i gcoitinne obair na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia a fheiceáil.

Sa ghrianghraf ag Cruinniú Oscailte na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia tá an tUasal Veronica Campbell (Cathaoirleach na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia), Campbell Bewley Group Ltd, an tUasal Orlaith Blaney, Príomhfheidhmeannach, McCannBlue agus an tOllamh Alan Reilly, Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

## Bia Nua

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le nuabhianna in Éirinn agus déanann sé measúnuithe sábháilteachta ar nuabhianna nó comhábhair nua, nó déanann sé athbhreithnithe ar na cinn a rinne Ballstáit eile mar chuid de phróiseas údaraithe an AE. Le cuidiú ó shaineolaithe eolaíocha seachtracha, rinne an tÚdarás measúnuithe sábháilteachta ar cheithre nuabhia, is iad sin; bainne coipthe le Bacteroides xylanisolvens; reisvéaratról; Maignéachumhacht Créitín agus sileacan orgánach. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na measúnuithe sábháilteachta a rinneadh ar sheacht chomhábhair nua a rinne Ballstáit eile maidir leo seo a leanas; meitilceallalós; iseamalt-olagaishiúicrídí; ola algach ar mhórán DHA agus EPA; ola algach ar mhórán DHA; Búitaraiceam clóistridiam; ola shíolta Chai agus Tetraselmis chuii.

Ghlac an tÚdarás naoi n-iarratas maidir le tuairimí ar choibhéis shubstaintiúil na gcomhábhar nuabhianna le comhábhair chomhchosúla atá ar mhargadh an AE cheana. Chuir an tÚdarás tuairimí dearfacha ar fáil ar: laíon toraidh baobab x 2; lachtaifeirin; ola algach DHA; béite-ghlúcanáis; síol Chia; GOS; vitimín K2 agus reisvéaratról.

## Forbhianna, Réimbhianna PARNUTS agus Bianna Chun Críoch Speisialta Leighis

Faoin reachtaíocht bhia ceanglaítear ar an tionscal bia a insint don Údarás nuair atá bianna áirithe á gcur acu ar mhargadh na hÉireann. Coinníonn an tÚdarás comhaid maidir leis na fógraí sin agus i gcás forbhianna, tá próiseas fógraí ar líne aige ar a bhfuil bunachar sonraí inchuardaithe.

Déantar a lán de na fógraí bia sin a mheasúnú i gcomhair sábháilteachta agus comhlíontachta ag baint leas as critéir roghnúcháin bunaithe ar riosca. In 2013, bhí 11 fhógra PARNUTS agus 108 fógra um bia chun críoch speisialta leighis ann. Sa chás deireanach, is ionann é sin agus méadú 330% i líon na bhfógraí ó bhí 2012 ann (32).

Anuas air sin, fuair an tÚdarás 1,697 fógraí forbhia, bhain le bia, méadú 55%, i gcomparáid le 1,095 fógra in 2012. Mar thoradh ar na seiceálacha sin cuireadh 60 táirge ar aghaidh chuig Bord Leigheasra na hÉireann mar chógais amhrasacha agus taispeánadh nach forbhianna a bhí i 161 táirge eile agus diúltaíodh an t-ainmniú sin a thabhairt díobh.

## Ábhair Theagmhála Bia

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le reachtaíocht um ábhair theagmhála bia a fhorfheidhmiú i ngnólachtaí a dhéanann, a iompórtálann agus a dháileann pacáistiú bia agus ábhair theagmhála bia eile. Tá rialacha ginearálta ann ar leibhéal Eorpach chun úsáid gach cineál pacáistithe bia a rialú agus tá dlíthe sonracha ann chomh maith maidir le hábhair aonair amhail plaistic. Tá na rialacháin sin ann chun an baol atá ann go scaoilfidh pacáistiú bia substaintí díobhálacha isteach i mbia a laghdú. Chuir an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann tús le cigireacht ar dhéantóirí agus iompórtálaithe Éireannacha um ábhair theagmhála bia le linn 2012 agus taispeánadh iontu sin go bhfuil gá ann le feabhas a chur ar chomhlíonadh na gceanglas reachtaíochta sainiúil maidir le hábhair theagmhála bia a sholáthar. Déanann gníomhaireachtaí eile a oibríonn faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás cigireacht ar ghnólachtaí bia a úsáideann ábhair theagmhála bia chomh maith.

Cuireann an tÚdarás seirbhís ar fáil do ghnólachtaí bia trína dheimhnithe easpórtála a sholáthar maidir le hábhair theagmhála bia agus in 2013, eisíodh dhá dheimhniú.

# Bainistiú Teagmhas

Is é an tÚdarás an lárphointe náisiúnta rialaithe i gcomhair faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le teagmhais agus rabhaidh bhia agus cuireann sé seirbhís éigeandála ar fáil de ló is d'oíche seacht lá na seachtaine. Is é an tÚdarás pointe teagmhála na hÉireann freisin do Chóras Mear-Rabhaidh an Choimisiúin Eorpaigh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.



## Teagmhais Bhia


D'fhéadfadh teagmhas bia teacht chun cinn as fadhb a aithníonn gnólacht bia, gníomhaireacht oifigiúil agus iad i mbun rialuithe oifigiúla, nó as faisnéis a fhaightear ó thíortha eile, de ghnáth tríd an gCóras Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

In 2013, láimhseáil an tÚdarás 449 teagmhas bia, méadú 11%, i gcomparáid le 2012 (n=404). Rinneadh na teagmhais a aicmiú mar theagmhais bhia iomlána, mion-teagmhais bhia agus gearáin trastíre maidir le bia agus le linn na bliana tugadh catagóir úr isteach maidir le teagmhais bhia a bhaineann le calaois bhia.

Rinne an tÚdarás iniúchadh ar 217 teagmhas bia iomlán (lena n-áirítear naoi dteagmhas calaois bhia) in 2013, méadú suntasach 55 (34%), i gcomparáid le 2012. Is guaiseacha ceimiceacha is mó a sainaithníodh (70); ansin guaiseacha micribhitheolaíochta (47); guaiseanna eile (44), ailléirginí (24); agus guaiseacha bitheolaíocha eile lena n-áirítear miceatocsainí (16). Bhí formhór na 70 guais cheimiceach mar thoradh ar chomhshuíomh/breiseáin (28); lotnaidicídí/iarmhair cógais tréidliachta (13); éilliú ceimiceach (12) agus ascnamh ó ábhair theagmhála bia (8).

Rinne an tÚdarás imscrúdú ar 141 mion-teagmhas ar an iomlán in 2013. Ba é sin laghdú 23% (16), i gcomparáid le 2012. Anuas air sin, rinne an tÚdarás bainistiú ar 91 gearán trastíre a bhain le bia, i gcomparáid le 75 in 2012. Bhí 39 tír thionscnaimh i gceist maidir le bianna a bhain leis na 449 agus ba Bhallstáit an Aontais Eorpaigh 17 díobh sin. Ba í Poblacht na hÉireann an tír thionscnaimh i 36% (160) de na teagmhais, an Ríocht Aontaithe ansin i 19% (85), Tuaisceart Éireann 5% (24), an Pholainn 3.1% (14), an Fhrainc 2.9% (13) agus an tSín 2.7% (12).

**Aicmiú Guaise na dTeagmhas Bia Iomlán, 2013 (217 San Iomlán)**



| | |
|---|---|
| Ceimiceach | 70 |
| Micribhitheolaíoch | 47 |
| Eile | 44 |
| Ailléirgin | 24 |
| Guaiseanna bitheolaíocha eile | 16 |
| Ábhar Coimhthíoch | 11 |
| Lipéadú | 5 |

**449**

Láimhseáil an tÚdarás 449 teagmhas bia, arbh é sin méadú 11% ar líon na dteagmhas in 2012.

**Líon na dTeagmhas Bia, 2009 – 2013**

| Bliain | Teagmhais Iomlána | Mion-teagmhais | Gearáin Trastíre | Calaois Bhia | Teagmhas Iomlán/Calaois Bhia | Mion-teagmhas/ Calaois Bhia | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | 208 | 141 | 91 | 5 | 3 | 1 | **449** |
| 2012 | 162 | 167 | 75 | – | – | – | **404** |
| 2011 | 147 | 170 | 79 | – | – | – | **396** |
| 2010 | 129 | 165 | 60 | – | – | – | **355** |
| 2009 | 98 | 120 | 64 | – | – | – | **297** |

## Rabhaidh Náisiúnta Bia

D'eisigh an tÚdarás 25 rabhadh bia le linn 2013 a bhain le 24 teagmhas. Ba rabhaidh i gCatagóir 1 um ghníomh naoi gcinn díobh sin agus bhain 16 cinn díobh le rabhaidh i gCatagóir 2 um fhaisnéis. Bhain naoi gcinn de na rabhaidh bhia sin le milleadh micribhitheolaíochta nó láithreacht fhéideartha orgánach pataigineach. Bhain na rabhaidh eile le feoil capaill (5); láithreacht earraí coimhthíocha (4); éilleáin (4); lipéadú mícheart (1); táirge góchumtha (1) agus forbhianna ina raibh comhábhair neamhdhleathacha (1). Foilsíodh na rabhaidh bhia ar fad ar láithreán gréasáin an Údaráis, agus eisíodh teachtaireachtaí téacs agus fógraí ríomhphoist do shíntiúsóirí.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tÚdarás 13 rabhadh maidir le hailléirgin bhia in 2013, comhchosúil leis an líon a eisíodh in 2012. Bhain deich gcinn díobh siúd le hailléirginí nach dearbhaíodh ar an lipéadú, agus bhain trí chinn díobh le lipéadú neamh-chomhsheasmhach/mícheart. Bhí bainne, cruithneacht, glútan, soighe agus suilfít i gceann de na táirgí sin, agus ní raibh ceann ar bith díobh dearbhaithe ar an liosta comhábhar. Ní dhéantar rabhaidh ailléirgin a aicmiú. Foilsíodh na rabhaidh bhia ar fad ar láithreán gréasáin an Údaráis. Eisíodh teachtaireachtaí téacs agus fógraí ríomhphoist do shíntiúsóirí ar líne agus cuireadh Anaifiolacsas Éireann ar an eolas freisin.

## An Córas Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe

Córas fógartha is ea an Córas Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe faoi bhainistíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun faisnéis a mhalartú idir baill an ghréasáin lena n-áirítear Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia faoi ghuaiseacha i mbia do dhaoine agus d'ainmhithe agus ábhair theagmhála bia.

In 2013, seachadadh 3,132 bunfhógra ar an iomlán tríd an gcóras seo agus bhain 2,641 díobh le bia do dhaoine, 272 le bia d'ainmhithe agus 219 le hábhair theagmhála bia. Aicmíodh cúig chéad is ochtú a ceathair de na bunfhógraí mar rabhadh; 429 mar fhaisnéis le leanúint suas; 679 mar fhaisnéis arbh fhiú aird a thabhairt uirthi agus 1,440 mar fhógraí a diúltaíodh ag an teorainn. Ina theannta, scaipeadh 38 mír nuachta.

D'eisigh an tÚdarás 40 de na 3,132 bunfhógra faoin gcóras maidir le bia don duine (30), bia d'ainmhithe (2) agus ábhair theagmhála bia (8) a dáileadh go hÉirinn nó ó Éirinn. Is ionann é sin agus laghdú trí fhógra dhéag, i gcomparáid le 2012. Ba í Éire tír thionscnaimh na dtáirgí i gcás 28 de na fógraí a eisíodh tríd an gcóras in 2013 maidir le bia nó ábhair theagmhála bia, méadú deich i gcomparáid le 2012. Bhain ochtú a cúig de na bhunfhógraí le dáileadh go hÉirinn, bhain 71 le bia, bhain seacht gcinn le bia d'ainmhithe agus bhain seacht gcinn le hábhair theagmhála bia.

## Measúnú Riosca

Déanann an tÚdarás measúnuithe riosca eolaíocha ar na guaiseanna a sainaithnítear i mbia mar bhonn le haghaidh cinntí bainistíochta. Tacaíonn sé sin le gníomhaíochtaí rialaithe bia lena chinntiú go mbíonn gníomhaíochtaí bunaithe ar an eolaíocht. Soláthraíonn an tÚdarás measúnuithe riosca ad-hoc chun tacú le bainistíocht teagmhas.

Rinne an tÚdarás 147 measúnú riosca in 2013. Bhain siad sin leis na réimsí um chógais tréidliachta, iarmhair lotnaidicídí, athbhreithniú ar ailléirginí bia, ionradaíocht, athbhreithniú micribhitheolaíochta agus cothú.

## Ráigeanna de Ghalar Bia-Iompartha

Oibríonn an tÚdarás i ndlúth-chomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte nuair a mheastar go bhfuil ráig de ghalair bhia-iompartha ann. Is é sin agus gníomhaireacht Éireanna a bhaineann le faireachas agus iniúchadh eipidéimeolaíoch a dhéanamh ar ghalair thógálacha. Léirítear i sonraí sealadacha ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, gur tuairiscíodh bia in 2013 mar an gcúis amhrastach le hocht ráig gaistreintríteis (galar stéigeach tógálach); ceithre ráig salmanallóise; dhá ráig *Escherichia coli* véaraicíteatocsaigineach (VTEC); ráig amháin géarghaistreintríteis thógálach agus ráig amháin ionfhabhtú noraivíris. In ocht gcinn de na ráigeanna, bualadh tinn 102 duine agus cuireadh triúr san ospidéal. Bhí ráig amháin VTEC *E. Coli* 0157 nasctha go heipidéimeolaíochta agus go micribhitheolaíoch le cáis bhainne amh.

### Ráig ilnáisiúnta de Heipitíteas A

Le linn 2013, bhí an chéad ráig bhia-iompartha d'ionfhabhtú an víris heipitíteas A in Éirinn. Tarlaíonn géarghalar féinteorannaithe san ae de dheasca an víris heipitítis A agus scaipeann sé ó dhuine go duine tríd an mbéal nó an bhfaecais. Bhí an ráig ina chuid de ráig ilnáisiúnta san Aontas Eorpach. Bhí baint fhéideartha ag os cionn 1,000 cás ar fud naoi dtír Eorpacha le ráig an víris heipitítis A (fo-ghéinitíopa IA). In 2013, ceapadh ar dtús gur bhain an ráig le taisteal chuig an Iodáil agus tuairiscíodh formhór na gcásanna san Iodáil. Tuairiscíodh na chéad chásanna Éireannacha i mí an Mheithimh. Ní raibh baint ag ceann ar bith de na cásanna Éireannach le taisteal chuig an Iodáil. San iomlán, tuairiscíodh 23 cás ráige don Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, agus tuairiscíodh an ceann deireanach i nDeireadh Fómhair 2013. Cuireadh síos ar chúig chás déag díobh sin mar phríomhchásanna dearbhaithe.

In Éirinn, léiríodh in imscrúduithe eipidéimeolaíocha agus inrianaitheacht gur dhócha gurbh iad caora reoite iompórtáilte ba chúis leis an ráig. De bharr sin agus fianaise mhicribhitheolaíochta ón Iodáil, an áit inar mbraitheadh an víreas i mbaisceanna caor reoite measctha, d'eisigh an tÚdarás fógra comhairleach do thomhaltóir agus do ghnólachtaí ag cur comhairle orthu bia caora reoite iompórtáilte a bhruith ar feadh nóiméad amháin roimh iad a ithe, toisc go ndéanfadh sé sin an víreas a dhíghníomhú sa chás go raibh sé ann.

Faoi dheireadh 2013, in ainneoin iarrachtaí comhordaithe an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia, an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú, na dtíortha bainteacha agus an Choimisiúin Eorpaigh, níor sainaithníodh comhfhoinse dhóchúil maidir le héilliú na gcaor san imscrúdú rianaithe leanúnach. B'fhéidir go mbaineann sé sin le deacrachtaí le cásanna a nascadh le hearraí bia i ngeall ar an tréimhse fhada goir (28 lá ar an meán, ó 15 go 50 lá); tréimhse fhad na ráige a bhféadfadh na bealaí iompair níos casta a bheith ina chúis leis; na dúshláin atá in ilchastacht na slabhraí dáileacháin; fadhbanna le heipitíteas A a bhraith i ngeall ar leibhéal an-íseal éillithe nó dáileadh neamh-aonchineálach i mbaisceanna éillithe. Tá an t-imscrúdú ilnáisiúnta seo ar siúl fós.

## Imscrúdú Coireanna Bia

I bhfianaise theagmhas na feola capaill ar fud an Aontais Eorpaigh, tá an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit i mbun an comhrac in aghaidh coireanna bia a neartú chun muinín tomhaltóirí i sábháilteacht agus fíordheimhneacht an tslabhra soláthair bia a fháil ar ais. Bhunaigh an Coimisiún grúpa oibre speisialta de Bhallstáit, ina bhfuil Europol rannpháirteach, chun déileáil le ceisteanna a bhaineann le calaois bhia agus chun cur i bhfeidhm a bplean gníomhaíochta maidir le cleachtais um chalaois bhia a spreagadh. Ceann de na príomhthionscaimh atá á thabhairt isteach ag an gCoimisiún Eorpach ná an Córas um Chúnamh agus um Chomhoibriú Riaracháin a fhorbairt. Líonra TF a bheidh i gceist leis sin ina soláthrófar meicníocht chumarsáide struchtúrtha chun tacú leis an malartú faisnéise i measc na mBallstát chun cásanna coireacht bhia sa slabhra bia a bhrath agus a imscrúdú ar bhonn tráthúil. Tá an Coimisiún i mbun an dóigh a n-oibreoidh an córas a thabhairt chun críche agus tabharfaidh sé isteach rialachán úr gan mhoill chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an mhalartaithe faisnéise a chinntiú nuair a cheapfar go bhfuil coireacht bhia i gceist. Oibreoidh sé ar mhodh cosúil leis an gCóras Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe trína ndéanann Ballstáit faisnéis a mhalartú nuair a bheidh bianna neamhshábháilte ar an margadh agus nuair a chuireann siad sláinte tomhaltóirí i mbaol.

D'fhonn gníomhaíochtaí na bpáirtithe leasmhara ar fad a chomhordú sa chomhrac in aghaidh na coireachta, chuir an tÚdarás Tascfhórsa um Chalaois Bhia ar bun ina gcuimsítear ionadaithe ó na gníomhaireachtaí náisiúnta ó airm fhorfheidhmiúcháin éagsúla an Stáit. Grúpa comhairleach atá ann a fheidhmíonn mar ghrúpa cumarsáide, comhordaithe agus líonraithe inar féidir faisnéis agus taighde a chomhroinnt ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear ar obair an Tascfhórsa um Chalaois Bhia feasacht a spreagadh, feabhas a chur ar mheicníochtaí le haghaidh monatóireachta agus faireachais agus oiliúint a chur ar oifigigh forfheidhmiúcháin.

Príomhfhreagracht de chuid an Údaráis is ea reachtaíocht bhia a fhorfheidhmiú agus an obair chigireachta ar bhia arna déanamh ag 33 gníomhaireacht oifigiúil trí phróiseas na gconarthaí seirbhíse a chomhordú. Trí obair na ngníomhaireachtaí sin le chéile cinntítear sábháilteacht agus fíordheimhneacht bhia, ón táirgeadh tosaigh go dtí díol agus soláthar an bhia don tomhaltóir. Déantar ionadaíocht ar son bhaill Aonad Speisialta Imscrúdaithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara seirbhísí ar an Tascfhórsa um Chalaois Bhia. Bhí an tAonad Speisialta Imscrúdaithe ar thús cadhnaíochta maidir le himscrúdú a dhéanamh ar choireanna bia agus reachtaíocht a fhorfheidhmiú maidir le cúrsaí amhail leigheasanna ainmhithe agus sainaithint ainmhithe i ndáil le fo-líon beag díobh siúd atá bainteach san earnáil agus a thugann iarradh brabús a dhéanamh ó ghníomhaíochtaí mídhleathacha. Comhoibríonn an tÚdarás chomh maith le Seirbhís Chustaim Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil na nGardaí agus teagmhais maidir le coireanna bia á n-imscrúdú acu. Bhain teagmhais bhia ar a ndearna an tÚdarás imscrúdú le linn 2013 le vodca góchumtha a chur ar an margadh agus athlipéadú calaoiseach bianna le dátaí úr 'úsáid faoi'.

Rinne obair an Údaráis maidir leis an teagmhas feoil capaill a nochtadh an Eoraip a chur ar an eolas go bhféadfadh coireacht eagraithe ar bheith ar siúl sa slabhra bia. De bharr beart atá ar siúl ag an gCoimisiún Eorpach chun an comhoibriú a neartú idir na Ballstáit maidir le dul i ngleic le cleachtais chalaoiseacha sa slabhra bia tá muinín á fháil ar ais ag tomhaltóirí i sábháilteacht agus fíordheimhneacht an tslabhra soláthair bia.

**25**

D'eisigh an tÚdarás 25 rabhadh bia le linn 2013 a bhain le 24 teagmhas.

**3,132**

Seoladh 3,132 bunfhógra ar an iomlán tríd an gCóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe agus bhain 2,641 díobh le bia do dhaoine, 272 le bia d'ainmhithe agus 219 le hábhair theagmhála bia.

# Eolaíocht

Tá sainaithint agus measúnú cruinn ar na rioscaí a bhaineann leis an slabhra bia tábhachtach d'obair an Údaráis. Tá sé tábhachtach chomh maith go ndéanfar an comhoibriú a neartú le gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le leas a bhaint as cur chuige ar fhorfheidhmiú bia atá bunaithe ar riosca agus bunaithe ar fhianaise.



Le linn 2013, sholáthair an tÚdarás an bonn eolaíoch lenar cuireadh bun taca faoi chomhairle d'Airí maidir le beartas um shábháilteacht bhia, beartas um chothú na sláinte poiblí agus reachtaíocht lena mbaineann a fhorbairt. Chuaigh an tÚdarás i gcomhchomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus bhain sé leas as comhairle uaidh chomh maith.

Tugann an Coiste Eolaíoch comhairle don Údarás maidir le cúrsaí eolaíocha, sábháilteachta bia agus cothaithe mar aon le heagrú na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Tionóladh trí chruinniú in 2013 chun cláir oibre agus téarmaí tagartha a fhorbairt don trí bhuan-Fhochoiste, is iad sin; an Fochoiste Sábháilteachta Bitheolaíoch, an Fochoiste Sábháilteachta Ceimiceán agus an Fochoiste um Chothú na Sláinte phoiblí.

Rinneadh dhá thuairim de chuid an Choiste Eolaíoch maidir le géineachóip noraivíreis in oisrí agus treoirlínte micribhitheolaíochta le haghaidh bia réidh le hithe a sampláladh ag an bpointe díola a fhoilsiú in 2013, agus tá ainm curtha leis an tríú ceann a fhoilseofar i dtús 2014.



### Cruinniú Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia

Rothlaíonn Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh i measc na mBallstát gach sé mhí. Bhí an onóir sin ag Éirinn sa chéad leath de 2013. Bhí an Rialtas an-ghnóthach sna míonna sin go ginearálta agus bhí baill foirne na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí atá bainteach sna mórán gnéithe de chuid obair an AE go háirithe gnóthach. Ní eisceacht é an tsábháilteacht bhia. D'óstáil an tÚdarás dhá chruinniú de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia, i dtimpeallachtaí iontacha Chaisleán Bhaile Átha cliath agus an Ospidéil Ríoga, Cill Maighneann. Ba é Fóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia an chéad chuairteoir air.

Sa ghrianghraf ag cruinniú an Fhóraim Chomhairligh tá (c-d): Simon Coveney, T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara; an tUasal Catherine Geslain-Lanéelle, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus an tOllamh Alan Reilly, Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

## Cothú na Sláinte Poiblí

Cuireann an tÚdarás comhairle ar fáil don Rialtas maidir le ceisteanna um shábháilteacht bhia agus um chothú. Le linn 2013, d'fhreastail an tÚdarás ar líon cruinnithe de chuid Ghrúpa Gníomhaíochta Speisialta na Roinne Sláinte maidir le murtall agus chuir sé cion leo fosta. Leanadh le treoir um bia sláintiúil agus treoir um chothú naíonán le linn 2013.

Thacaigh an tÚdarás le beartas forbhianna vitimín an Rialtais trí athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na bhforbhianna vitimín D. Tugadh freagraí maidir leis sin agus rinneadh an measúnú riosca ábhartha.

## Calraí ar Bhiachláir

Tá an tAire Sláinte fós tiomanta don choincheap calraí a chur ar bhiachláir. Tugadh na fíordheacrachtaí atá ag gnólachtaí beaga chun suntais in obair a rinneadh in 2012 i ngeall ar an easpa rochtana éasca ar chóras inghlactha chun biachláir a ríomh agus bhí sé seo ina bhacainn ar chalraí a chur ar a mbiachláir.

Mar thoradh air sin, chuir an tÚdarás tús le háireamhán ar líne a fhorbairt le linn 2013. Déanfar é a lainseáil in 2014 agus beidh sé ar fáil saor in aisce don tionscal chun go mbeidh gnólachtaí bia ábalta luach calrach a mias a ríomh. Thástáil Ollscoil Uladh na bogearraí, ag baint leas as saineolaithe cothúcháin oilte agus gnólachtaí bia. Fuarthas aiseolas an-fhabhrach agus cuiditheach ina leith agus chuir sé sin ar chumas an Údaráis na bogearraí a mhodhnú dá réir. Bhí an tionscadal sin ar cheann de na tionscadail is deacra agus is dúshlánaí ó thaobh na teicneolaíochta de i stair an Údaráis. Tá bonn eolaíoch láidir ag baint leis an uirlis áireamhán calrach ardnuálach seo. I ngeall ar ionchur comhoibríoch na saineolaithe cothaithe/diaitéitice, oiliúint gnólachtaí bia, bogearraí agus TF ag obair le húsáideoirí deiridh (chefanna, cócairí agus gnólachtaí seirbhíse bia) cinntítear go bhfuil an uirlis áireamháin éascú le húsáid agus go dtugtar aghaidh leis ar na ceisteanna praiticiúla maidir le bia a chur ar bhiachláir in Éirinn. Tá acmhainneacht ollmhór ag an acmhainn shaincheaptha seo maidir le timpeallacht bhia an hÉireann a athrú trí chuidiú a thabhairt do ghnólachtaí seirbhíse bia roghanna níos sláintiúla a chur ar an margadh agus feasacht tomhaltóirí a spreagadh maidir leis na tairbhí fadtéarmacha a bhaineann le sciartha níos lú agus bia nach bhfuil chomh dlúth i gcalraí.

Le linn na bliana, rinne an tÚdarás measúnú ar ghlacadh gnólachtaí bia le lipéadú calraí ar bhiachláir go dtí seo agus rinne sé suirbhé ar thart ar 700 gnólachtaí sular ndearna sé measúnú ar líne ar fhothacar lena n-áirítear roinnt gnólachtaí bia mór sa tionscal mearbhia. Sholáthair an tÚdarás dhá thuarascáil achomaire don Aire Sláinte maidir leis an nglacadh, mar a iarraidh é. Cé go bhfuil an glacadh i slabhraí seirbhíse bia móra fós maith, tá an glacadh i ngnólachtaí bia beaga neamhspleácha lag. Tugann sé sin chun suntais an gá atá leis na huirlisí teicniúla a sholáthrófar in 2014.

## An Clár um Maolú ar Shalann

In mí na Bealtaine 2013, d'óstáil an tÚdarás seimineár ar a chlár deonach um maolú ar shalann ina ndearnadh scrúdú agus athbhreithniú ar dhul chun cinn an Údaráis maidir le maolú ar shalann leis an tionscal le deich mbliana anuas. Sonraíodh go ndearna an tionscal bia dul chun cinn suntasach maidir le maolú ar shalann i roinnt príomhchatagóirí amhail arán. Aontaíodh go gcuirfeadh Tionscal Bia agus Deochanna na hÉireann maolú ar shalann faoina thionscnamh *Livewell*. Mar sin féin, leanfaidh an tÚdarás de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscail sna blianta amach romhainn agus déanfaidh sé measúnú neamhspleách air. Tá caibidlíocht á déanamh faoi láthair ag Tionscal Bia agus Deochanna na hÉireann leis an Roinn Sláinte maidir lena thionscnamh athfhoirmlithe bia ina gcuimsítear maolú ar shiúcra agus ar shaill chomh maith le salann.


Rinne an tÚdarás gnáthmhonatóireacht faireachais maidir leis an leibhéal salainn in aráin, anraithí agus sneaiceanna chomh maith le linn 2013, i gcomhair le Saotharlann an Anailísí Phoibí, Gaillimh. Cuireann an faireachas ar chumas an Údaráis monatóireacht a dhéanamh ar an tionscal bia maidir lena thiomantais do mhaolú ar shalann i mbia a chomhlíonadh.

## Rannpháirtíocht Eolaíochta ar Shainghrúpaí Oibre

Teastaíonn comhairliúchán teicniúil le Ballstáit le haghaidh reachtaíocht Eorpach a fhorbairt lena chinntiú go n-oibreoidh dlíthe, bunaithe ar eolaíocht shlán agus na cuspóirí dá beartaíodh iad a bhaint amach. Le linn 2013, sholáthair an tÚdarás ionchur teicniúil maidir le raon leathan grúpaí oibre de chuid an Choimisiúin Eorpaigh m.sh. Coimisiún Codex Alimentarius maidir le: sláinteachas bia, breiseáin bhia, éilleáin bhia, lipéadú bia, deimhniú iompórtála agus easpórtála bia agus bia diaitéiteach. D'fhreastail foireann an Údaráis ar os cionn 90 cruinniú. Ghlac foireann ón Údarás páirt i roinnt fhairsing cruinnithe inar cuireadh staid na hÉireann i láthair.

Lena chois sin, i ngeall ar óstáil na hÉireann ar Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ó Eanáir go Meitheamh 2013, rinn foireann ón Údarás cathaoirleacht ar Bhallstáit na hEorpa i leith na Comhairle Eorpaí i gceithre cinn de na cruinnithe sin, is iad siad deimhniú iompórtála agus easpórtála bia, éilleáin bhia, breiseáin bhia agus lipéadú bia.

Thug an tÚdarás tacaíocht chomh maith don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte/Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta ag cruinniú teicniúil maidir le beartais sábháilteachta bia bunaithe ar fhianaise agus cinntí bainistíochta riosca agus ag cruinniú saineolaithe de chuid na hEagraíocht Domhanda Sláinte/Eagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le gnéithe staitistiúla critéir mhicribhitheolaíochta.



**Seimineár maidir le Salann**

I mí na Bealtaine, d'óstáil an tÚdarás seimineár i mBaile Átha Cliath inar amharcadh siar ar an méid atá bainte amach agus ar an dul chun cinn le deich mbliana anuas maidir le maolú ar shalann i mbia. Is léir gur baineann an maolú ar iontógáil salainn ó bhia próiseáilte amach trí chomhoibriú idir an Stát agus tionscal bia. Thaispeáin an lucht tionscail go raibh siad toilteanach a ról a ghlacadh maidir le bianna níos sláintiúla a tháirgeadh, ach ar luas atá comhsheasmhach le custaiméirí a choinneáil agus le sciar an mhargaidh.

Sa ghrianghraf ag an lainseáil tá (c-d): An tUasal Allan Davies, Tesco Ireland, an Dr Janette Walton, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh agus an Dr Karl McDonald, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

## Tacaíocht Eolaíoch do Ranna Rialtais

Tugann an tÚdarás tacaíocht don Roinn Sláinte agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le linn plé agus caibidlíochta maidir le reachtaíocht agus beartas sábháilteachta bia sa Choimisiún Eorpach agus sa Chomhairle Eorpach.

Cuireann an tÚdarás comhairle iontaofa, neamhspleách ar fáil don Rialtas maidir le beartas sábháilteachta bia agus cothaithe a fhorbairt trí obair a Choiste Eolaíoch agus trí rannpháirtíocht an Údaráis ar ghrúpaí oibre murtaill agus cothaithe.

## Comhoibriú Eolaíoch leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia

D'fhorbair an tÚdarás naisc láidre leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus feidhmíonn sé mar Lárphointe náisiúnta. Is é ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia, arb é príomhphointe teagmhála an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia leis na gníomhaireachtaí sábháilteachta bia sna Ballstáit. In 2013, ghlac foireann an Údaráis páirt i líonrú AE maidir le measúnú riosca agus bailiú agus anailís sonraí. Mar an Lárphointe Náisiúnta, bhí an tÚdarás páirteach i scaipeadh dhá bhealach faisnéise agus sonraí a bhaineann le measúnú agus cumarsáid eolaíoch riosca. Tasc fiúntach a rinne an tÚdarás ná liosta "Airteagal 36" de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia maidir le forais chláraithe a fhéadann dul san iomaíocht le haghaidh deontas de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia a thabhairt cothrom le dáta. Ghlac foireann de chuid an Údaráis páirt i 23 cruinniú líonraithe chomh maith ar réimsí lena n-áirítear iad seo a leanas: bailiú sonraí, measúnú agus cumarsáid riosca; freagairt i gcásanna géarchéime agus cruinnithe painéal eolaíoch.

Mar chuid d'óstáil na hÉireann ar Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh don chéad leath in 2013, d'óstáil an tÚdarás trí chruinniú de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia. Bhuail Fóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia le chéile i mBaile Átha Cliath agus ba é Simon Coveney, T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a d'oscail an cruinniú. Tá ról praiticiúil agus lárnach ag an bhFóram Comhairleach maidir le comhoibriú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia leis na Ballstáit a neartú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna measúnaithe riosca agus cumarsáide riosca san Eoraip. Bhuail Grúpa Oibre Cumarsáide an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia le chéile san Ospidéal Ríoga, Cill Maighneann. Cuireann an Grúpa Oibre Cumarsáide bonn daingean ar fáil maidir le comhtháthú agus comhoibriú na ngníomhaíochtaí cumarsáide idir na húdaráis áitiúla agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia a neartú. Bhuail Líonra an Lárphointe Náisiúnta le chéile i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Maoiníodh Lárphointí Náisiúnta tríd an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus tá siad ann chun obair an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia a chur chun cinn agus chun feidhmiú mar chainéil idir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus eagraíochtaí um measúnú riosca sábháilteachta bia i mBallstáit.

"D'fhorbair an tÚdarás naisc láidre leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus feidhmíonn sé mar Lárphointe náisiúnta. Is é ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia, arb é príomhphointe teagmhála an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia leis na gníomhaireachtaí sábháilteachta bia sna Ballstáit."




Ghlac foireann de chuid an Údaráis páirt i 23 cruinniú líonraithe ar réimsí lena n-áirítear iad seo a leanas: bailiú sonraí, measúnú agus cumarsáid riosca; freagairt i gcásanna géarchéime agus cruinnithe painéal eolaíoch.




Chuir an tÚdarás tús le háireamhán ar líne a fhorbairt le linn 2013. Déanfar é a lainseáil in 2014 agus beidh sé ar fáil saor in aisce don tionscal chun go mbeidh gnólachtaí bia ábalta luach calrach a mias a ríomh.

# Cumarsáid agus Faisnéis

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Údaráis ná gach gné de shábháilteacht agus de shláinteachas bia a chur in iúl go gníomhach agus a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara. Spreagann an tÚdarás tomhaltóirí chun dul i dteagmháil leis le haon ghearáin a bhíonn acu maidir le sábháilteachta bhia. Déantar cumarsáid dhá threo an Údaráis a éascú trína Líne Chomhairle, a láithreán gréasáin, a leabharlann, a leathanach Facebook, a leathanach Twitter, cainéal YouTube agus an tríd an eislíon.




## Líne Chomhairle

Dhéileáil comhairleoirí oilte ar an Líne Chomhairle, arna tacú ag eolaithe bia, le 13,269 fiosrú in 2013, méadú 10% i gcomparáid le 2012. Is foinse luachmhar í an Líne Chomhairle, a fheidhmítear ón Luan go hAoine, 9am go 5pm d'fhaisnéis sábháilteachta bia agus úsáideann, i measc daoine eile, an tionscal bia, daoine atá ag smaoineamh gnólacht úr bia a chur ar bun, baill den phobal agus oifigigh forfheidhmiúcháin í.

As na 13,269 fiosrú a fuarthas anuraidh, bhain 10,429 díobh le hiarratais ar chomhairle ar fud raon réimsí bia (suas le 9% ar 2012), agus bhain 2,846 díobh go sonrach le gearáin ó thomhaltóirí faoi bhia nó faoi áitribh bhia (suas 12.5% ar 2012). Tagann an ghníomhaíocht mhéadaithe le méadú ar an éileamh i measc ngnólachtaí bia ar fhaisnéis faoi cheanglais um lipéadú agus acmhainní le haghaidh gnólachtaí bia nuathionscanta agus feasacht atá ag méadú i measc tomhaltóirí ar an ngá drochshláinteachas a thuairisciú.

I measc na nglaonna ar an Líne Chomhairle bhí iarratais faisnéise maidir le lipéadú bia (méadú 20% ar 2012); reachtaíocht bhia, lena lán fiosruithe ar an bhfaisnéis bhia úr maidir le reachtaíocht tomhaltóirí; ceanglais dhlíthiúil maidir le gnólacht bia úr a chur ar bun (méadú 5% ar 2012); faisnéis oiliúna agus iarratais ar fhoilseacháin an Údaráis. Go suntasach, níor bhain ach 33 glao ar an Líne Chomhairle in 2013 le teagmhas na feola capaill, agus bhain thart ar 267 fiosrú a fuarthas leis an ráig heipitíteas A a bhain le caora reoite.

### Na 10 dTopaic is Mó a nDearnadh Iarratas Orthu in 2013




| | | | |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar Fhaisnéis | 4,037 | Beart ÚSBÉ | 577 |
| Gearáin | 2,846 | Oiliúint | 489 |
| Gnó a Chur ar Bun | 1,284 | Cothú | 437 |
| Lipéadú | 1,244 | Reachtaíocht | 395 |
| Caighdeáin | 607 | Eile | 345 |

Faoi mar a bhí sé le cúpla bliain anuas, as na 13,269 iarratas ar Líne Chomhaire an Údaráis in 2013, fuarthas thart ar 60% díobh tríd an teileafón agus fuarthas an 30% eile díobh tríd an ríomhphost. Ba ionann an líon eile díobh agus daoine a tháinig isteach go pearsanta, freastal ar thaispeántais, iarratais foirne agus trí leathanaigh Facebook agus Twitter an Údaráis.

Tháinig leath na bhfiosruithe a fuarthas ón tionscal bia (lena n-áirítear lóndadóirí, miondíoltóirí, déantóirí, próiseálaithe, dáileoirí, srl.), agus bhí 29% díobh ó thomhaltóirí. Fuarthas iarratais ar fhaisnéis chomh maith ó oifigigh forfheidhmiúcháin (5%), mic léinn/léachtóirí (3%), gairmithe sláinte (3%), agus ó ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus soláthraithe seirbhísí dlíthiúla chomh maith.

### Catagóir na nGlaoiteorí ar an Líne Chomhairle, 2013



| | | | |
|---|---|---|---|
| Lonadóir | 32% | Gairmí Sláinte | 3% |
| Tomhaltóir | 29% | Mac Léinn/Taighdeoir | 3% |
| Déantóir/Próiseálaí | 11% | Miondíoltóir/Mórdhíoltóir | 3% |
| Pearsanra Conarthaí Seirbhíse | 5% | Eile | 8% |
| Dáileoir | 4% | Oideachas | 2% |

Ba raon na ngearán ó thomhaltóirí ó thuairiscí ar bhia nach raibh in-ite, go dtí lipéadú míchruinn, mar a leanas: 1,190 gearán faoi bhia nach raibh in-ite; 566 gearán faoi nimhiú bia amhrastach; 587 gearán faoi chaighdeáin sláinteachais; 192 gearán faoi fhaisnéis mhícheart ar lipéadú bia agus 311 ceann eile.

Rinne oifigigh sláinte, nó oifigigh forfheidhmiúcháin eile, más cuí, fiosrú agus athbhreithniú ar na gearáin a fuair an tÚdarás ar fud na tíre.

## Láithreán Gréasáin

Foinse chuimsitheach faisnéise is ea láithreán gréasáin an údaráis maidir le gach gné de shábháilteacht bhia agus treoir agus reachtaíocht lena mbaineann. In 2013, tugadh 628,460 cuairt ar an láithreán gréasáin agus taifeadadh 1,820,649 amharc leathanaigh le haghaidh na bliana. Tháinig siad sin ó 422,088 cuairteoir go hiomlán uathúil. Taifeadadh cuairteanna ó 220 tír, 56% díobh siúd as Éirinn agus os cionn 14% ón Ríocht Aontaithe.

Ba iad na codanna den láithreán ba mhó a raibh tóir orthu: Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla, foilseacháin, reachtaíocht, agus rannóg an ghnó bia. Tá gach foilseachán de chuid an Údaráis le fáil lena n-uaslódáil ar an láithreán gréasáin. Ina theannta sin, is féidir le tomhaltóirí ar mian leo gearán a dhéanamh faoi bhia nó faoi áitreabh bia an fhoirm ar líne 'déan gearán' a chomhlánú. Tá laghdú (79%) ag teacht ar líon na ndaoine a úsáideann deasca agus iad ag tabhairt cuairt ar an láithreán, agus tá méadú (21%) ag teacht ar amhairc le fón póca/táibléad. Mar fhreagairt don treocht seo, lainseáladh leagan móibíleach den láithreán gréasáin i dtús 2013.

Go suimiúil, ar an gCéadaoin 16 Eanáir, 2013, thug buaiclíon daoine cuairt ar láithreán gréasáin an Údaráis, agus beagnach 10,000 ag amharc ar an láithreán. Freagairt ba é sin don phreasúint a eisíodh an lá roimhe sin maidir le teagmhas na feola capaill.

## Acmhainní Eile

Is uirlis chumarsáide idir an tÚdarás agus foireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla é an láithreán eislín, *Safety Net*. Is féidir doiciméid inmheánacha a roinnt amhail sonraí teagmhála, nósanna imeachta caighdeánacha agus foilseacháin ar an acmhainní ar líne seo. In 2013, logáil 4,170 ball foireann de chuig gníomhaireachtaí oifigiúla ar an láithreán seo.

I rith 2013, lean leabharlann an Údaráis lena cnuasach leabhar, irisí agus lena bunachair shonraí ar líne a fhorbairt. Is acmhainn d'fhoireann an Údaráis í an leabharlann go príomha, ina bhfuil spás fisiciúil ina gcoinnítear leabhair, irisí agus nuachtáin. Soláthraítear iasachtaí idirleabharlainne agus saoráidí cuardaigh ar thopaicí sainiúla le haghaidh taighde, saoráidí físchomhdhála agus spásanna staidéir inti chomh maith. Is féidir le baill foirne a oibríonn sna gníomhaireachtaí oifigiúla iasacht leabhar a fháil, leas a bhain as nuashonruithe irise agus airteagail a iarraidh chomh maith.

## Foilseacháin

I measc na bhfoilseachán úr in 2013, iad ar fad ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis, bhí: moltaí le haghaidh dea-chleachtais maidir le cothú naíonán in Éirinn, tuairim an Choiste Eolaíoch ar bhainistíocht riosca noraivíreis in oisrí, bileoga eolais ar an dóigh leis an riosca *E. coli* ar an bhfeirm a laghdú, bailiú fola chun putóg dhubh a dhéanamh agus an dóigh le burgair atá sábháilte don tomhaltóir a riar. Foilsíodh treoir chomh maith maidir le forfheidhmiú reachtaíochta a bhaineann le huisce fuaráin aiceanta, uiscí fuaráin agus uiscí eile i mbuidéil.

## Caidreamh leis na Meáin

Ciallaíonn an tsuim neamhghnách seo i gcúrsaí bia nach bhfuil lá ar bith ann nach bhfuil trácht de chineál éigin sna meáin faoi bhia. Dhéileáil oifig an Údaráis le thart ar 933 fiosrú ó na meáin agus eisíodh 31 preaseisiúint. Eisíodh preaseisiúint maidir leis na réimsí seo leanas: Orduithe Forfheidhmiúcháin, ráig an heipitítis A, teagmhas na feola capaill agus an gclár um maolú ar shalann. Tugadh cuireadh d'fhoireann an Údaráis le labhairt ar an raidió náisiúnta agus áitiúla ó am go chéile, rinneadh ionadaíocht ar son an Údaráis ar an teilifís náisiúnta. Lean an tÚdarás dá rannpháirtithe le páirtithe leasmhara trí na láithreáin mheán sóisialta Facebook agus Twitter, agus mhéadaigh an líon leantóirí orthu sin ó 2,182 go 1,510, faoi seach.

**3,692**

Lean an tÚdarás dá rannpháirtithe le páirtithe leasmhara trí na láithreáin mheán sóisialta Facebook agus Twitter, agus mhéadaigh an líon leantóirí orthu sin ó 2,182 go 1,510, faoi seach.





**628k**

Tugadh 628,460 cuairt ar an láithreán gréasáin agus taifeadadh 1,820,649 amharc leathanaigh le haghaidh na bliana. Tháinig siad sin ó 422,088 cuairteoir go hiomlán uathúil.



## Oiliúnóirí Inmheánacha an Údaráis

Fuair baill foirne de chuid an Údaráis a ndeimhniú ó chúrsa scileanna dhá lá an Údaráis deimhnithe ag FETAC maidir le hoiliúint sábháilteachta bia oiliúnóirí inmheánacha, a chuideoidh leo le comhairle a thabhairt do ghlaoiteoirí faoin gcúrsa agus faoina ábhar. Beidh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag daoine ó ghnólachtaí a dhéanann an cúrsaí seo maidir le clár oiliúna ionduchtúcháin Leibhéal 1 an Údaráis a sheachadadh chuig an bhfoireann laistigh dá ngnólacht féin.

Sa ghrianghraf leis an Ollamh Alan Reilly tá baill foirne an Údaráis (c-d) an tUasal Joanna Grant, an tUasal Deirdre Kennedy, an tUasal Elaine Connolly agus an tUasal Vanessa Cooling ar bronnadh Scileanna Oiliúna um Shábháilteacht Bhia Leibhéal 5 orthu.

## Oiliúint

Is modh tábhachtach é an oiliúint chun teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bhia a chur in iúl. Is é cuspóir an Údaráis maidir le hoiliúint oiliúint ábhartha a chur ar fáil d'fhoireann na gníomhaireachta oifigiúla maidir le rialú bia d'fhonn gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a threisiú agus chun cuidiú le tionscal an bhia tuiscint a fháil ar na ceanglais dlí agus teicniúla a bhaineann leis an dlí faoi bhia agus an dlí sin a chomhlíonadh. In 2013, chuir an tÚdarás oiliúint ar fáil ar rialú bia do bhaill foirne na ngníomhaireachtaí oifigiúla agus do dhaoine atá ag obair i dtionscal an bhia.

Rinneadh córas bainistíochta foghlama an Údaráis do bhaill foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla *SafetyNet Learning*, a fhorbairt tuilleadh fosta. Forbraíodh dá mhodh oiliúna idirghníomhacha chun cuidiú le hoifigigh forfheidhmiúcháin tuiscint a fháil ar an dlí maidir le lipéadú bia.

Tá ionadaithe ag an Údarás ar Shainghrúpa an Aontais Eorpaigh um Oiliúint níos Fearr agus Bia níos Sábháilte agus déanann sé comhordú ar rannpháirtíocht fhoireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla sna cláir oiliúna a reáchtálann an Coimisiún Eorpach. Le linn 2013, bhí foireann ó na gníomhaireachtaí oifigiúla páirteach i gcúrsaí oiliúna ar raon saincheisteanna a bhain le rialú bia amhail: Prionsabail maidir le hAnailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla; breiseáin bhia imscrúdú ar ráig bhia-iompartha agus rialuithe éilleán.

Leanadh den chlár daingean suite oiliúna *Food Safety and You* atá dírithe ar bhainisteoirí nó oiliúnóirí atá ag obair i dtionscal an bhia, in 2013.

## Ríomhfhoghlaim

Leanann an córas bainistíochta foghlama ar líne de thacaíochtaí a thabhairt d'fhorbairt phearsanta fhoireann an Údaráis agus na ngníomhaireachtaí oifigiúla. Cuireann sé réimse leathan acmhainní foghlama ar fáil amhail cúrsaí ríomhfhoghlama, bileoga eolais, físeáin agus acmhainní digiteacha eile. Is féidir na hábhair ar líne a úsáid chun faisnéis cothrom le dáta maidir le hábhar a bhaineann le réimse oibre faoi leith a fháil, ábhar a clúdaíodh ag oiliúint le déanaí a athnuachan a fháil, nó i roinnt cásanna, bonn eolais ar ábhar faoi leith a leathnú go díreach. Cuireadh rannán acmhainní foghlama ar líne ar bun ar láithreán gréasáin an Údaráis chomh maith ionas go mbeidh gnólachtaí bia ábalta cláir ríomhfhoghlama maidir le breiseáin agus blastáin bhia a rochtain.

## Seimineáir

Thionóil an tÚdarás roinnt seimineár maidir le sábháilteacht bhia le linn na bliana ar cheisteanna úra nó ar cheisteanna tráthúla. Rinneadh athbhreithniú ar sheimineár maidir le maolú ar shalann i dtaca leis an dul chun cinn a rinneadh sa réimse i ndiaidh deich mbliana oibre leis an tionscal bia. Ba léir gur baineann an maolú ar iontógáil salainn ó bhia próiseáilte amach trí chomhoibriú idir an Stát agus an tionscal bia - an tÚdarás ar an taobh amháin, miondíoltóirí agus lónadóirí ar an taobh eile. Ba é ceann de na conclúidí ón seimineár go gcuirfeadh Tionscal Bia agus Deochanna na hÉireann maolú ar shalann chun chinn faoina thionscnamh *Livewell*.

Rinne Teagasc agus an tÚdarás seimineár maidir le faisnéis úr bhia ar rialacháin tomhaltóirí i dtaca le hathruithe ar lipéadú bia agus ailléirginí a chomh-óstáil chomh maith. Is iad seo a leanas na réimsí a pléadh: éilimh cothaithe agus sláinte cheadaithe;lipéadú ginearálta agus lipéadú ailléirginí agus rialacháin ailléirginí i suíomhanna déantúsaíochta. D'fhreastail os cionn 100 déantóir, miondíoltóir, oifigeach forfheidhmiúcháin agus páirtí leasmhara eile ar an seimineár.




**Lainseáil Greimeanna Bricfeasta**

I gcomhréir le clár oibre an Rialtais maidir leis an ualach rialála ar ghnólachtaí bia a laghdú, tá an tÚdarás ag féachaint go leanúnach ar bhealaí éagsúla chun faisnéis agus comhairle a roinnt le gnólachtaí bia. Agus é sin ar a intinn, lainseáil an tÚdarás 'Breakfast Bites' ar sraith cainteanna saineolaithe saor in aisce é do ghnólachtaí beaga. Cuirtear faisnéis ar fáil sna cainteanna 60 nóiméad luath ar maidin sin maidir le réimsí amhail gnéithe na sábháilteachta bia a bhaineann le gnólacht úr a chur ar bun, ceanglais um lipéadú bia, inrianaitheacht agus córas bainistíochta um shábháilteacht bhia a fhorbairt.

Sa ghrianghraf ag an lainseáil tá (c-d): An tUasal Sharon Williams, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus an tUasal Cathy Reinhardt, an Club Cócaireachta (Cooking Club).

In 2013, chuir an tÚdarás tús le tionscnamh úr dar teideal *Greimeanna Bricfeasta* ar sraith seimineár é ina ndírítear ar ghnólachtaí bia beaga agus orthu siúd atá ag smaoineamh ar ghnólachtaí bia beag a chur ar bun. Tionóladh cúig cinn de na seimineáir sin le linn na bliana ar na topaicí seo a leanas; gnólacht bia nuathionscanta; oiliúint ar shábháilteacht bhia; athghairm agus inrianaitheacht; lipéadú bia agus lipéadú cothaithe. Ghlac an tÚdarás páirt san imeacht *Ionad Ilfhreastail* i gCaisleán Bhaile Átha Cliath chomh maith a bhí sé d'aidhm aige cuidiú le gnólachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta chun tuiscint a fháil ar na seirbhísí a chuireann na gníomhaireachtaí rialála Stáit ar fáil agus sochar a fháil astu. Tionscnamh de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta is ea *Ionad Ilfhreastail*.

## Fóraim Thionscail

Le linn 2013, lean an tÚdarás lena rannpháirtíocht leis an tionscal bia ar a lán leibhéal chun an gá don earnáil freagracht a ghlacadh as bia sábháilte a tháirgeadh agus a chur ar an margadh a neartú agus feabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia. Cé go bhfuil an tionscal freagracht as sábháilteacht bhia ar mhargadh na hÉireann, is é ról maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an Údarás.

Dá réir sin, oibríonn an tÚdarás leis an tionscal bia chun comhlíonadh a spreagadh agus gnólachtaí bia a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí dlíthiúla. Chun na críche sin, d'óstáil an tÚdarás roinnt cruinnithe lena cheithre fhóram tionscail. Cuirtear ardán ar fáil leo sin d'earnálacha áirithe den tionscal bia chun ceisteanna bainteacha a ardú agus faisnéis thábhachtach a fháil ón Údarás.

### Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia

Tugann Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia grúpa ilchineálach de tháirgeoirí bia speisialtóra le chéile agus cuireann sé deis ar fáil dóibh chun saincheisteanna sábháilteachta bia maidir leis an earnáil ceardbhia a phlé leis an Údarás. Is ardán atá san Fhóram do na húdaráis agus na táirgeoirí chun a theacht ar chomhthuiscint ar ról a chéile i soláthar bia d'ardchaighdeán atá sábháilte don tomhaltóir. Cruthaíonn sé líonra teagmhálacha a úsáidtear taobh amuigh de chruinnithe foirmiúla chun fadhbanna a thagann chun cinn san earnáil maidir le forfheidhmiú an dlí faoi bhia a réiteach. Ina theannta sin, cuireann an Fóram deis ar fáil chun plé a dhéanamh ar mholtaí reachtacha nua agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar cheardaithe. Is acmhainn luachmhar atá ann do tháirgeoirí ceardbhia agus do na húdaráis, agus cabhraíonn sé le gach duine atá i gceist tabhairt faoi chosaint tomhaltóirí i dtaca le táirgeadh raon éagsúil ceardbhia a éascú.

In 2013, bhuail comhaltaí an Fhóraim le chéile dhá uair agus phléigh siad raon leathan topaicí, lena n-áirítear: seamlais mhóibíleacha; turasóireacht bhia; tástáil mhicribhitheolaíochta ar cháis agus micrichritéir um shíolta péactha. D'fhreastail Teagasc ar na cruinnithe chomh maith agus chuir siad faisnéis ar fáil maidir le hoiliúint agus tacaíocht le haghaidh táirgeoirí ceirdbhia. Déantar ionadaíocht ar son na Comhairle Blais chomh maith toisc go bhfuil sí bainteach go gníomhach trí tháirgeadh bia ceardaí a chur chun cinn trína ról comhairleach le Bord Bia.

### An Fóram Miondíola

Tá comhaltaí ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile ina gcuid den Fhóram Miondíola. Tháinig an Fóram le chéile trí huaire in 2013. Feidhmíonn an Fóram mar mheicníocht úsáideach chun cur le tuiscint ar an reachtaíocht bhia agus chun comhairle faoi shábháilteachta bhia a scaipeadh agus dea-chleachtas a roinnt. Le linn 2013, tugadh mionteagasc do na comhlachtaí maidir le raon leathan topaicí, lena n-áirítear; athbhreithniú ar rialacháin na rialuithe oifigiúla; calaois bhia; an rialachán úr ar fhaisnéis faoi bhia do thomhaltóirí; bearta rialaithe *campalabaictéir* agus athbhreithniú ar threoir um stóráil uibheacha. Phléigh an Fóram an dea-chleachtas chomh maith i dtaca le bia a thabhairt do charthanais.

### An Fóram Seirbhíse Bia

Tagann comhaltaí an Fhóraim Seirbhíse Bia ó ghnólachtaí lónadóireachta, gnólachtaí seirbhíse bia agus ó na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar a son. Baintear leas as an bhFóram chomh maith chun comhairle ar shábháilteacht bhia a scaipeadh, dea-chleachtas a roinnt agus feabhas a chur ar an tuiscint ar an reachtaíocht bhia iomchuí. Bhuail an Fóram le chéile dhá uair in 2013 agus ba é ceann de na príomh-mhíreanna a pléadh ná an Tionscnamh um Chalraí ar Bhiachláir. I measc topaicí eile bhí; an rialachán úr ar fhaisnéis ar bhia do thomhaltóirí agus go sonraí lipéadú ailléirginí ar bhianna a dhíoltar scaoilte; athbhreithniú ar an Rialachán (CE) Uimh 882/2004 maidir le rialuithe oifigiúla; teagmhas na feola capaill; coireanna bia agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

### An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach

Is é an Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach an coiste náisiúnta do pháirtithe leasmhara maidir le Córas Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann, a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú nach gcuirtear ach sliogéisc shábháilte ar an margadh. Bíonn ionadaithe ar an gCoiste, ar a ndéanann an tÚdarás cathaoirleacht, ó na gníomhaireachtaí oifigiúla ó Fhoras na Mara agus ón tionscal agus ó ghrúpaí páirtithe leasmhara eile. Le linn 2013, bhuail an Coiste le chéile ceithre huaire agus phléigh na baill raon leathan ceisteanna, amhail: bainistiú biotocsaine sliogiasc agus treochtaí biotocsain; rangú sliogiasc; tástáil víreasach; gluaiseachtaí sliogiasc; rialú muiríní; misin na hOifige Bia agus Tréidliachta agus Córas Mear-rabhaidh an AE um Bia don Duine agus d'Ainmhithe. Thionóil an tÚdarás, i gcomhar le páirtithe leasmhara an Choiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, cúig imeacht réigiúnacha um fhaisnéis ar sliogéisc le linn 2013 chun nuashonrú a sholáthar ar fhorbairtí i gCóras Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann agus chun ról an tionscail maidir le sliogéisc shábháilte a chur ar an margadh a thabhairt chun suntais.

## An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus is ceann de phríomheilimintí de struchtúr an Údaráis í. Cuireann Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia ar chumas an Údaráis a dhualgas a chomhlíonadh chun comhairliúchán forleathan a dhéanamh maidir lena ghníomhaíochtaí agus is bonn braite daingean í an Chomhairle maidir le plé leathan ar thrasghearradh páirtithe leasmhara. Bhuail an Chomhairle le chéile ceithre huaire in 2013, cruinniú amháin díobh a bhí oscailte don phobal le freastal air dar teideal *"Who is responsible for the food we eat?"* Bhí an téama an-tráthúil agus d'fhreastail slua an-mhór daoine air. Rinneadh é a clúdach go fairsing sna meáin chomh maith. Le linn na bliana, ba iad na príomhcheisteanna a phléigh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia teagmhas na feola capaill;reachtaíocht; tionscal arbhair agus beatha na hÉireann; athbhreithniú ar rialachán na rialuithe oifigiúla bia agus an cheist maidir le heipitíteas A i gcaora reoite iompórtáilte.

## Comhoibriú le Heagraíochtaí Eile

Le linn 2013, lean an tÚdarás dá chomhoibriú le roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear. Leanadh dá dhlúth-chomhar agus dá dhlúth-chomhoibriú le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia Cuirtear agus déantar é sin a thacú trí mheabhrán tuisceana a ceapadh lena chinntiú go mbeidh comhoibriú tapa, éifeachtach ann i gcás teagmhas bia agus go ndéanfar comh-fhorfheidhmiú ar chúrsaí sa dá dhlínse.

Leanadh den obair chomhoibríoch trí chomhaontuithe comhoibrithe leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Teagasc.

Tá an tÚdarás ina rannpháirtí gníomhach leanúnach ar roinnt coistí eile, a bhfuil sé de chuspóir acu caighdeáin in earnáil an bhia a ardú agus a chothú. Áirítear orthu sin coistí na n-eagraíochtaí seo a leanas: Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann; An Bord Bia; Coimisiún Craolacháin na hÉireann; Chartered Quality Institute; Tionscal Bia agus Deochanna na hÉireann; Food Law Enforcement Practitioners; Global Trust Certification; National Heart Alliance; National Hygiene Partnership agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Bhí sé páirteach freisin sa tionscnamh um *Bia Sláintiúil do Chách* ina ndéanann iarracht dul i ngleic le bochtaineacht bia trí infhaighteacht agus inacmhainneacht bia shláintiúil agus rochtain air a chur chun cinn i gcomhair grúpaí ar ioncaim ísle.

Cuidíonn an tÚdarás fosta le gníomhaireachtaí i dtíortha eile a mheasann gur eiseamláir é an tÚdarás do ghníomhaireachtaí náisiúnta aonair um rialú bia. Tá baill foirne ón Údarás ina gcuid den Choimisiún Idirnáisiúnta um Shonraíochtaí Micribhitheolaíochta i gcomhair Bianna. Bhí an tÚdarás ina óstach d'Údarás Rialaithe Bia Abú Daibí nuair a thug siad cuairt ar Éirinn chun eolas a fháil faoi obair an Údaráis agus cur i bhfeidhm na rialuithe oifigiúla in Éirinn. Ghlac foireann ón Údarás páirt i gcomhairliúcháin saineolaithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe.

Lean an tÚdarás air ag gníomhú mar phointe teagmhála éigeandála d'Éirinn i Líonra Idirnáisiúnta na nÚdarás um Shábháilteacht Bia. Comhthionscadal é sin de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta. Bíonn 177 Ballstát rannpháirteach ann ag malartú faisnéise go rialta maidir le ceisteanna sábháilteachta bia, ag insint faoin taithí atá acu agus ag roinnt saineolais.

Bíonn an tÚdarás ina chathaoirleach ar Bord Comhairle Eolaíche na Comhairle Eorpaí um Fhaisnéis faoi Bhia ar eagraíocht neamhbhrabúsach í a chuireann faisnéis bunaithe ar eolaíocht maidir le cothú agus sláinte, sábháilteacht agus cáilíocht bhia in iúl, chun cuidiú le tomhaltóirí eolas níos fearr a bheith acu agus cothú cothrom, sábháilte agus sláintiúil á roghnú acu.

# Bainistíocht Chorparáideach

Tá príomhról ag feidhmeanna corparáideacha an Údaráis maidir le héifeachtacht na gcóras agus na bpróiseas atá riachtanach chun éascú a dhéanamh ar sholáthar éifeachtach seirbhísí an Údaráis do na páirtithe leasmhara uile a chinntiú. Cinntíonn siad freisin go ndéantar dea-chleachtais maidir le rialachas corparáideach a fhorbairt agus a choinneáil.



Cé gurb é príomhfheidhm an Údaráis sláinte agus leasanna tomhaltóirí a chosaint, ní féidir leis é sin a dhéanamh mura mbíonn an eagraíocht dírithe mar is cuí agus mura ndéantar na príomhacmhainní atá aici, is iad sin an coiste feidhmiúcháin agus an fhoireann, a úsáid go héifeachtúil. Chuige sin, tá an tÚdarás tiomanta do chóras bainistíochta cáilíochta atá bunaithe go bunúsach ar an gcoincheap seo a leanas: custaiméirí agus a gcuid riachtanas a aithint; pleanáil conas freastal ar na riachtanais sin; nósanna imeachta a dhoiciméadú nuair is cuí; spriocanna intomhaiste a leagan síos do gach rannán agus do gach ball foirne; agus athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar a bhfuil á baint amach. Tá an córas deimhnithe de réir an chaighdeáin idirnáisiúnta ISO 9001:2008, agus déantar iniúchadh seachtrach ar an Údarás gach bliain le féachaint conas atá sé ag feidhmiú i bhfianaise an chaighdeáin sin. In 2013, rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh athchlárúcháin trí lá agus mar thoradh air sin choinnigh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an tÚdarás an deimhniú don chaighdeán ISO 9001:2008.

Forbraíodh Plean Leibhéal Seirbhíse Cuimsitheach i gcomhair 2013 inar tugadh mionsonraí faoi na cláir oibre a bhí beartaithe don bhliain. Ba é sin an chéad bhliain ina raibh an fhormáid úr don Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse. Rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis an bplean a bhaint i lár na bliana agus ag deireadh na bliana, d'fhonn a chinntiú gur cuireadh na cláir oibre i bhfeidhm. Leagadh amach pleaneanna oibre aonair gach baill foirne don bhliain atá le teacht ina n-aithníodh riachtanais oiliúna agus forbartha ábhartha i gcomhair na tréimhse sin. Tá gach plean oibre nasctha le spriocanna foirne agus rannáin, agus tá siad sin nasctha le Comhaontú Leibhéal Seirbhíse na heagraíochta. Reachtáladh raon cuimsitheach cláir oiliúna i bpríomhréimsí i rith na bliana chomh maith agus tacaíodh le fostaithe aonair trí chláir acadúla ábhartha. Tá pleanáil, bainistíocht feidhmíochta agus athbhreithniú ina gcuid lárnach d'obair an Údaráis, agus tá siad tacaithe ag an gcóras bainistíochta cáilíochta.

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais ann le cinntiú go ndéantar na caighdeáin cuntasaíochta is airde a chomhlíonadh agus go bhfuil córais éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Déanann an tÚdarás cinnte freisin gur cuireadh bearta buiséadta na Roinne Airgeadais i bhfeidhm, i gcomhthéacs tuarastail agus laghduithe eile ar chaiteachas.

Cuimsístear baill foirne ó gach leibhéal ar fud an Údaráis ar Choiste Foirne an Údaráis. Téitear i gcomhairle leis i dtaobh roinnt mhaith ceisteanna eagraíochtúla, lena n-áirítear beartais acmhainní daonna a fhorbairt. Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán do riachtanais na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta ábhartha a chomhlíonadh. Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Údaráis le chéile go rialta in 2013. Rinneadh clár oibre an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú agus tugadh Ráiteas Sábháilteachta an Údaráis cothrom le dáta.

Agus seirbhísí a gcoinneáil a mhéid agus is féidir, leanadh de líon na foirne a bhainistiú i gcomhthéacs an lánchoisc atá ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus i gcomhréir le creat rialaithe fostaíochta na hearnála sláinte. Tá laghdú 20% tagtha ar líon na mball foirne sa tréimhse ó cuireadh an moratóir ar earcaíocht in 2009 ag cur dúshlán leanúnach os comhair an Údaráis.




**Seimineár maidir le Lipéadú Bia agus Ailléirginí Bia**

Pléadh na nuashonruithe is déanaí maidir leis an bhfaisnéis úr faoi bhia ar reachtaíocht tomhaltóirí, chomh maith leis na héilimh cheadaithe ar chothú agus ar shláinte ag seimineár maidir le lipéadú bia agus ailléirginí bia. Arna óstáil ag an Údarás, i gcomhar le Teagasc agus *safe*food, tionóladh an seimineár in Ionad Comhdhála agus Oiliúna Teagasc, Baile an Ásaigh. Rinne plé mionsonraithe ar ailléirginí bia agus ar a lipéadú éigeantach, agus tugadh chun críche é le cás-staidéir maidir le bainistiú ailléirginí bia sa suíomh déantúsaíochta.

Sa ghrianghraf ag an seimineár maidir le lipéadú bia agus ailléirginí bia bhí (C-D) an tUasal Malcolm Walker, Líonra um Éadulaingt ar Bhia agus Ailléirge Bhia safefood, an Dr Andrew Flanagan, Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Gaillimh, an tUasal Anne-Marie Boland, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an tUasal Mervyn Briggs, Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia.

**20%**

Tá laghdú 20% tagtha ar líon na mball foirne sa tréimhse ó cuireadh an moratóir ar earcaíocht in 2009 ag cur dúshlán leanúnach os comhair an Údaráis.



### Taispeántas CATEX

D'fhreastail an tÚdarás ar roinnt imeachtaí agus taispeántais tionscail amhail: CATEX, Ionad Ilfhreastail agus Taispeántas 'The Foodies' i Luimneach. Cuirtear deiseanna luachmhara ar fáil sna himeachtaí sin don Údarás chun buaileadh le daoine atá ag smaoineodh gnólacht bia a chur ar bun nó daoine ar leo gnólacht bia nó daoine a oibríonn i ngnólacht bia. Fuair cuairteoirí ar sheastán eolais an Údaráis ag na himeachtaí sin comhairle maidir leis na ceanglais rialála le haghaidh gnólachtaí bia, m.sh. lipéadú bia, oiliúint ar shábháilteacht bhia, reachtaíocht ar shábháilteacht bhia, inrianaitheacht agus dea-chleachtais um shábháilteacht bhia.

Sa ghrianghraf ag seastán eolais an Údaráis ag CATEX 2013 tá:(d-c) an tUasal Eithne Fox agus an tUasal Emma Hughes, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag tabhairt comhairle d'úinéir gnólacht bia.

## Rialachas Corparáideach

Faoi mar a cheanglaítear ar gach gníomhaireacht Stáit, cloíonn an tÚdarás le critéir chaighdeánacha maidir le rialachas corparáideach faoi mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009. I bhfianaise é sin, forbraíodh creat rialachais chorparáidigh d'fhonn cabhrú chun éifeachtacht, oscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Soláthraítear treoir mhionsonraithe sa chreat sin don eagraíocht faoi chúrsaí amahil: gnó an Bhoird a stiúradh; pleanáil straitéiseach; próisis oibriúcháin; bainistíocht riosca; rialú airgeadais agus caighdeáin iompraíochta.

Coinníonn an tÚdarás clár rioscaí agus clár sócmhainní seasta a ndéantar athbhreithniú agus iniúchadh orthu gach bliain. De réir Alt 41 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí de Bhord an Údaráis, den Choiste Eolaíoch, de na Fochoistí Eolaíocha agus d'fhoireann ainmnithe an Údaráis dearbhú leasanna a sholáthar gach bliain. Cuireann an tÚdarás na dearbhuithe sin ar aghaidh chuig an Aire Sláinte nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí.

Cheap an tAire Sláinte Cathaoirleach úr agus sé chomhaltaí Boird le linn 2013 agus i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr, cuireadh clár ionduchtúcháin i bhfeidhm do gach ball úr. Cuireadh dhá Fhochoiste úra de chuid an Bhoird, Coiste Iniúchóireachta Boird agus Coiste Ainmniúchán ar bun. Tionóladh ceithre chruinniú de chuid an Choiste Iniúchoireachta Boird i rith 2013.

## Iniúchadh Inmheánach

Baineann Coiste Iniúchóireachta an Bhoird leas as seirbhísí iniúchóirí gairmiúla seachtracha chun clár iniúchtaí inmheánacha a chur i gcrích. Comhaontaíodh clár iniúchtaí inmheánacha agus cuireadh na feabhsúcháin ar fad i bhfeidhm. Bhí na Ráitis Airgeadais, arna bhfaomhadh ag Coiste Iniúchóireachta an Bhoird faoi réir iniúc ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus bhí mórchinneadh amháin mar thoradh air.

Rinneadh Coiste Iniúchóireachta an Bhoird iniúchadh ar struchtúr rialachas corparáideach an Údaráis agus ní bhfuarthas easnaimh ar bith. Rinneadh na Cúrsaí Coimeádta don Bhord agus an Clár Riosca a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta, más cuí. Rinne Coiste Iniúchóireachta an Bhoird Cairt an Choiste Iniúchóireachta agus a Théarmaí Tagartha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta fosta.

Leanadh den chlár iniúchta chun athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh airgeadais a chuir na húdaráis áitiúla isteach chuig an Údarás maidir le soláthar seirbhísí tréidliachta le inn 2013, agus cuireadh dhá iniúchadh agus trí athbhreithniú iar-iniúchta i gcrích. Rinneadh nós imeachta oibriúcháin caighdeánach maidir leis an réimse seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chomh maith.

## Seirbhísí Chomroinnte

In 2013, lean an tÚdarás le seirbhísí párolla agus pinsin a chur ar fáil don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, ag teacht le beartas an Rialtais ar sheirbhísí comhroinnte. Rinneadh monatóireacht ar sheirbhísí comhroinnte ar fud na n-údarás áitiúla. Bhí dhá chruinniú ag an Údarás le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach chun tionscnamh na seirbhísí comhroinnte a chur chun cinn in earnáil na n-údarás áitiúil.

Baintear leas as creataí an Rialtais Lárnaigh más ábhartha agus más infhaighte. Chuir an tSeirbhís Soláthair Náisiúnta in iúl don Údarás nár cheart creataí úra ar bith (seachas na cinn arna mbunú ag an tSeirbhís Soláthair Náisiúnta) a bhunú.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá córais um theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide fós ríthábhachtach le cur ar chumas an Údaráis faisnéis agus córais a bhainistiú d'fhonn soláthar seirbhísí a éascú.

Eisíodh leagan úr den bhunachar sonraí, *An Córas Faireachais Bia Náisiúnta*, a forbraíodh in 2012, i mí na Nollag 2013. Socraíonn an leagan seo roinnt fabhtanna a bhí san eisiúint roimhe seo agus tá feidhmiúlacht bhreise leis. Tá sé ar chumas úsáideoirí anois comparáid a dhéanamh idir taifid sa stór le taifid a fuarthas ó fhoinsí sonraí a cuireadh isteach arís agus iad a dhíscríobh, de réir mar is gá. Socraíodh seiceálacha breise chun cáilíocht sonraí a chinntiú agus na sonraí ag dul tríd an gcóras. Rinneadh an córas úr a leathnú chomh maith chun sonraí samplacha a ghlacadh ó fhorais arna maoirsiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara. Faoi láthair, tá os cionn 77,000 taifead samplach sa Chóras Faireachais Bia Náisiúnta, ó 2008 i leith.

Cuireadh feabhas ar an mbunachar sonraí *Áitribh agus Cigireacht na nGníomhaireachtaí Oifigiúla*, agus cuireadh gnéithe úra i bhfeidhm chun déileáil le sonraí agus próisis oibre an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara. Mar chuid den fheabhas sin, forbraíodh an bunachar sonraí sin ionas go mbeidh gníomhaireachtaí iolracha ábalta logáil isteach, faoi réir mionathruithe.

## Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte

Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid dualgas maidir le freagra a thabhairt ar iarratais um Shaoráil Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Le linn 2013, fuair an tÚdarás 18 n-iarratas um Shaoráil Faisnéise. Bhí cúig cinn déag de na hiarratais ó iriseoirí, ceann amháin ó ghnólacht bia, ceann amháin ó bhall den phobal agus ceann amháin ó aturnae thar ceann cliaint. I measc ábhair na n-iarratais bhí: taifid a bhain le teagmhas na feola capaill; Orduithe Forfheidhmiúcháin; Bord agus Coiste Iniúchóireachta an Údaráis; Conarthaí Seirbhíse an Údaráis; imscrúdú i ndiaidh gearán a rinneadh faoi ghnólacht bia agus comhfhreagras idir an tÚdarás agus miondíoltóirí. Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil mar fhreagra ar 39 ceist pharlaiminte ó ionadaithe éagsúla polaitiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte nó na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara in 2013. Ba mhéadú é sin ar an 57 in 2012. I measc na gceisteanna a fuarthas bhí: socruithe airgeadais agus soláthair foirne; bia géinmhodhnaithe; forbhianna; lipéadú agus inrianaitheacht agus cigireacht.




Fuair an tUdarás 18 n-iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2013.




Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil mar fhreagra ar 39 ceist pharlaiminte ó ionadaithe éagsúla polaitiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte nó na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara in 2013.

# Conarthaí Seirbhíse agus Meabhrán Tuisceana

Tá an tÚdarás freagrach as reachtaíocht bhia in Éirinn a fhorfheidhmiú, agus comhlíonann sé an fheidhm fhorfheidhmiúcháin sin trí chonarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla. Déantar foráil Alt 48 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 i leith an bhoinn reachtúil ina leith sin. Sna conarthaí a ceapadh idir an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, leagadh amach leibhéal agus caighdeán na gníomhaíochta i leith sábháilteacht bhia a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí oifigiúla, mar ghníomhairí don Údarás. Ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí i bpríomhchásail sna conarthaí sin rialuithe oifigiúla a chur i gcrích faoi na sceidil seo a leanas:

**Sceideal 1:** Liosta den reachtaíocht bhia a fhorfheidhmeoidh an ghníomhaireacht mar a chomhaontaigh sí

**Sceideal 2:** Sonraí maidir leis an méid a dhéanfaidh an ghníomhaireacht, mar aon le ceanglais maidir leis ngníomhaireacht go ginearálta agus maidir leis na cigirí ábhartha agus na seirbhísí saotharlainne a fheidhmíonn an ghníomhaireacht. Tá socruithe monatóireachta cuimsithe sa sceideal seo chomh maith

**Sceideal 3:** Na hacmhainní a thabharfaidh an ghníomhaireacht i leith an chonartha, sainithe go ginearálta i gcomhthéacs leibhéil soláthair foirne sna cigirí agus sna saotharlanna.

**Sceideal 4:** Ceanglais tuairiscithe le haghaidh na gníomhaireachta

**Sceideal 5**: Socruithe maidir leis an Údarás iniúchadh a dhéanamh ar an gconradh, lena n-áirítear comhaontú na gníomhaireachta chun comhoibriú leis an gclár iniúchta.


Ina theannta sin, tá meabhrán tuisceana sínithe ag an Údarás le heagraíochtaí éagsúla eile in Éirinn agus thar lear, chun comhoibriú agus malartú faisnéise maidir le sábháilteacht bhia a éascú.

Is é atá i gconradh seirbhíse ná comhaontú dlíthiúil chun reachtaíocht i leith sábháilteacht bhia a fhorfheidhmiú. Ar an lámh eile, sa mheabhrán tuisceana leagtar amach creat le haghaidh comhoibrithe idir eagraíochtaí ina gcuid gníomhaíochtaí maidir le sábháilteacht bhia.

**Gníomhaireachtaí Oifigiúla a raibh Conarthaí Seirbhíse ag an Údarás leo in 2013**




**Eagraíochtaí a raibh Meabhrán Tuisceana ag an Údarás leo in 2013**



# Struchtúr Bainistíochta

## Amhail an 31 Nollaig 2013

An Bord
**An tOllamh Michael Gibney**





An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia
**An tUasal Veronica Campbell**

An Coiste Eolaíoch
**An tOllamh Albert Flynn**



POF
**An tOllamh Alan Reilly**



Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

An Rannán Iniúchóireachta agus Comhlíontachta
**An tUasal Peter Whelan**

An Rannán um Chosaint Tomhaltóirí
**An tUasal Raymond Ellard**

An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
**An tOllamh Alan Reilly**

An Rannán Bia-Eolaíochta agus Caighdeán Bia
**An Dr Wayne Anderson**

An Rannán Conarthaí Seirbhíse
**An Dr Bernard Hegarty**











# Na Comhaltaí Boird 2013



### An tOllamh Michael Gibney (Cathaoirleach)

Is Ollamh um Bia agus Sláinte é an tOllamh Michael Gibney, MAgrSc, MA, PhD, ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, post a thosaigh sé in 2006. Bhain sé céim amach ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath le MAgrSc in 1971, agus thosaigh sé ag teagasc clár comhaltachtaí ag Scoil Tréidliachta Ollscoil Sydney agus bronnadh PhD air i 1976. Ó sin, chuaigh sé ar aghaidh go cothú an duine, le léachtóireacht ag Scoil Leighis Ollscoil Southampton i 1977 agus fill sé ansin ar Bhaile Átha Cliath chun post a thosú ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sa Rannóg um Leigheas Cliniciúil mar Ollamh um Chothú. Le linn an ama sin, bhí sé ina Dhéan (Leas-Uachtaránach) Taighde. Bhí sé ina Uachtarán ar an gCumann Cothaithe ó 1995-1998 agus d’fhóin sé ar Choiste Eolaíoch an AE i gcomhair Bia ó 1985 go 1997 agus bhí sé ina chathaoirleach ar an ngrúpa oibre maidir le bia. Ó 1997 go dtí 2000, d’fhóin sé ar Choiste Stiúrtha Eolaíoch an AE agus bhí sé ina chathaoirleach ar a ghrúpa oibre ar BSE. Fónann sé ar choiste eolaíoch Sackler, an Institiúid Cothaithe ag Acadamh Eolaíochtaí Nua-Eabhrac agus tá ina rannpháirtí i Saotharlann Nuálaíochta Eispéireas Bia Google (Google Food Experience Innovation Laboratory). D’fhreastail an tOllamh Gibney ar chúig chruinniú de chuid Bhord an Údaráis in 2013.



### An tUasal Miriam Cashell*

Is céimí í an tUasal Miriam Cashell i sláinte chomhshaoil, tá dioplóma iarchéime aici i sábháilteacht bhia ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus is príomhiniúchóir deimhnithe í. Is Príomhoifigeach Sláinte Comhshaoil í le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá sí bunaithe i gcathair Chorcaí, áit a dtreoraíonn agus a mbainistíonn sí foireann atá creidiúnaithe de réir NSAI 9001:2008. Díríonn sí ar ardchaighdeán dea-chleachtais a sholáthar i gceisteanna sábháilteachta bia atá dírithe ar an gcliant. Tá os cionn 30 bliana taithí ag an Uasal Cashell ag obair sa tSeirbhís Sláinte Comhshaoil in Éirinn agus i Sasana roimhe sin mar Oifigeach Sláinte Comhshaoil cairte. Tá sí ina comhalta de Choiste Zónóise Chorcaí. Tá na prionsabail lárnacha a bhaineann le hoiliúint agus cur chun cinn cleachtas maidir le sábháilteacht bhia laistigh de thionscal an bhia mar chuid dá gairm ó thús. Tá spéis faoi leith aici i gcláir oiliúna faoi shábháilteacht bhia agus faoi dhearbhú cáilíochta le haghaidh oibrithe bia. D’fhreastail sí ar ghrúpaí idirdhisciplíneacha a d’fhorbair prótacail maidir le tinneas bia-iompartha. Bhí baint aici le go leor grúpaí náisiúnta ó thaobh dea-chleachtas gairmiúil a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil fáil air sa treoir agus sa reachtaíocht. D’fhreastail an tUasal Cashell ar chúig chruinniú Boird in 2013.



### An tUasal Derek Cunningham

Is comhairleoir cumarsáide é an tUasal Derek Cunningham. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, agus ina Cheann Cumarsáide le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, ceann de na heagraíochtaí ionadaíocha is mó sa tír. Is iar-iriseoir nuachta é le teilifís agus raidió RTÉ. Tá sé ina iarchéimí sa Staidéar Eacnamaíochta agus Sóisialta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá cáilíochtaí iarchéime aige i staitisticí agus iriseoireacht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, faoi seach. D’fhóin sé ar Ghrúpa Comhairleach Sheirbhísí an Rialtais de chuid Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana/Éisteachta RTÉ. D’fhreastail an tUasal Cunningham ar chúig chruinniú Boird in 2013.



### An tOllamh Charles Daly

Tá an tOllamh Charles Daly ina Ollamh Emeritus le hEolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá céimeanna B.Sc agus M.Sc. (Déiríocht) aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh mar aon le céim Ph.D. i Micribhitheolaíocht Bhia ó Oregon State University, SAM. Is iad giostáil bhia agus sábháilteacht bhia na príomhréimsí spéise taighde atá aige. Bhí sé gnóthach ag obair i gCreatchláir Thaighde an AE agus náisiúnta agus bhí sé ina chomhordaitheoir ar thionscadail mhóra thrasnáisiúnta an AE maidir le biteicneolaíocht an bhia. Tá gradaim idirnáisiúnta faighte ag an Ollamh Daly ón American Dairy Science Association; ón Danone Foundation; ón Dutch Dairy Nutrition Foundation agus ón International Union of Food Science Associations. D’fhreastail an tOllamh Daly ar thrí chruinniú Boird in 2013.



## An tOllamh Albert Flynn

Tá an tOllamh Albert Flynn, B.Sc., Ph.D. (OÉ, Gaillimh), ina Ollamh le Cothú sa Roinn Eolaíochtaí Bia agus Cothaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. D'fhóin sé ar dhámh na hOllscoile ó 1981 agus ó 1993-96 bhí sé ina Dhéan ar Dhámh na hEolaíochta & Teicneolaíochta Bia. Rinne sé a lán foilseachán ar chothú an duine, ar an tsláinte phoiblí agus ar shábháilteacht bhia, maidir le raon topaicí lena n-áirítear iontógáil agus stádas grúpaí daonra, measúnú riosca um shábháilteacht bhia, foirtiliú bia agus measúnú idir riosca is tairbhe ar chothaithigh. Tá taithí fhairsing aige maidir le comhairle eolaíoch a sholáthar ar cheisteanna maidir le cothú an duine agus sábháilteacht bhia a bhaineann le beartas agus rialú bia. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. D'fhóin sé fosta mar chomhalta de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa, agus mar Chathaoirleach ar a Phainéal um Tháirgí Diaitéitice, Cothú agus Ailléirgí ó 2003-12 agus mar chomhalta ar Choiste Eolaíoch an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Bia ó 1997 go 2003. D'fhreastail an tOllamh Flynn ar chúig chruinniú Boird in 2013.



## An tUasal Pat O'Mahony

Tá an tUasal Pat O'Mahony, M.V.B., M.V.M., A.M.D., M.B.A., M.R.C.V.S. ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Leigheasra na hÉireann, post ar thosaigh sé ann i Nollaig 2002. Chaith sé roinnt blianta ag obair i gcleachtas tréidliachta príobháideach agus mar bhainisteoir teicniúil sa tionscal cógaisíochta in Éirinn agus sa RA, agus ansin d'oibrigh sé i gcúrsaí sláinte poiblí agus bhí sé ina Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath céim MBA ar an Uasal O'Mahony in 2001. Tá sé ina chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí agus bhí sé ina chathaoirleach ó 2007 go dtí 2011. Chomh maith leis sin, tá sé ina chomhalta d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Othar agus tá sé ina Chathaoirleach ar Fhóram na nGníomhaireachtaí Sláinte, Cúraim Shóisialaigh agus Rialála. D'fhreastail an tUasal O'Mahony ar cheithre chruinniú Boird in 2013.



## An tUasal Raymond O'Rourke

Is abhcóide cáilithe é an tUasal Raymond O'Rourke, agus is dlíodóir speisialaithe um rialáil bhia agus gnóthaí tomhaltóirí é. D'oibrigh sé i gcomhlachtaí dlí ar feadh mórán bliana i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil araon agus tá a chleachtas dlí féin aige anois. Ina údar ar *European Food Law* (3ú hEagrán), tá sé ina chomhalta ar Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia; an Chomhairle Bhlais; Coiste Codex na hÉireann; agus tá sé ina chathaoirleach ar Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann. Is Ollamh Cuairte é i nDámh na nEolaíochtaí Beatha agus Sláinte, Scoil na nEolaíochtaí Bithleighis, Ollscoil Ulaidh, Cuil Raithin. D'fhreastail an tUasal O'Rourke ar cheithre chruinniú Boird in 2013.



## An tOllamh Patrick Wall

Is Ollamh Comhlachaithe ar an tSláinte Phoiblí é an tOllamh Patrick Wall i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. I measc a shuimeanna teagaisc agus taighde tá galair bhia-iompartha, galair a bhaineann leis an stíl bheatha agus iompar tomhaltóirí a dhéanann dochar don tsláinte. Ba é an chéad Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus ba é an dara Cathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. Tá sé ina chomhalta de bhord bainistíochta Fhondúireacht Mater. Fuair sé cáilíocht sa leigheas tréidliachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus i leigheas daoine i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. Tá Msc aige i ngalair thógálacha ó Ollscoil Londain agus MBA ó Scoil Ghnó Michael Smurfit. Tá an tOllamh Wall ina thaidhleoir ar Shláinte Phoiblí Tréidliachta Choláiste na hEorpa, ina Chomhalta ar Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí in Éirinn, ina Ánra ar Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí sa Ríocht Aontaithe agus ina Chomhalta ar Choláiste Ríoga na Máinlianna Tréidliachta. Tá sé ina Chathaoirleach ar bhord bainistíochta na Saotharlann Bainne Neamhspleách agus tá sé ina Chathaoirleach ar Eachspórt Éireann. D'fhreastail an tOllamh Wall ar thrí chruinniú Boird in 2013.

* Tháinig deireadh leis an téarma oifige i mí na Nollaig 2013

Bhuail an Bord le chéile cúig huaire in 2013.

# Comhaltaí den Choiste Eolaíoch

Mar a bhí an 31 Nollaig 2013

## An Coiste Eolaíoch

**An tOllamh Albert Flynn (Cathaoirleach)**
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**An tUasal Paula Barry Walsh**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Colette Bonner**
An Roinn Sláinte

**An tOllamh Martin Cormican**
Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh

**An Dr Geraldine Duffy**
Teagasc

**An tOllamh Peter Jones**
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**An tOllamh Brian McKenna**
